**AN CHOMHAIRLE AIREACHTA THUAIDH THEAS**

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2016



North South Ministerial Council
An Chomhairle Aireachta
Thuaidh Theas

Clúdach Tosaigh: Féile Mara an Fheabhail (Iúil 2016)

# CLÁR


| | | Leathanach |
|---|---|---|
| RÉAMHRÁ | ........................................................................................... | 2 |
| CAIBIDIL 1 | Cruinnithe Iomlánacha CATT........................................................ | 4 |
| CAIBIDIL 2 | Earnálacha CATT.......................................................................... | 8 |
| | Talmhaíocht.................................................................................. | 9 |
| | Oideachas...................................................................................... | 12 |
| | Comhshaol.................................................................................... | 14 |
| | Sláinte.......................................................................................... | 17 |
| | Turasóireacht................................................................................ | 20 |
| | Iompar........................................................................................ | 22 |
| | Dobharshaothrú agus Cúrsaí Mara.................................................... | 25 |
| | Sábháilteacht Bia.......................................................................... | 27 |
| | Uiscebhealaí Intíre......................................................................... | 30 |
| | An Comhlacht Teanga Thuaidh Theas............................................ | 32 |
| | Cláir Speisialta AE.................................................................. | 35 |
| | Forbairt Trádála agus Gnó...................................................... | 37 |
| CAIBIDIL 3 | Comhrúnaíocht For-rochtana CATT.................................. | 39 |
| Iarscríbhinn 1 | Cruinnithe CATT in 2016................................................................ | 41 |
| Iarscríbhinn 2 | Comhrúnaíocht CATT.................................................................. | 42 |
| Iarscríbhinn 3 | Na Comhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh Theas............................ | 43 |
| Iarscríbhinn 4 | Turasóireacht Éireann Teoranta....................................................... | 47 |

## RÉAMHRÁ

Rinneadh dul chun cinn i roinnt réimsí tábhachtacha i rith na bliana maidir le comhoibriú Thuaidh Theas agus tríd na Comhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh Theas.

Osclaíodh an tAonad Radaiteiripe nua in Ospidéal Allt Mhic Dhuibhleacháin ar 28 Samhain agus nuair a bheidh sé ag feidhmiú go hiomlán, beidh sé ábalta cóireáil a chur ar bhreis agus 1500 othar nua, agus suas le 385 de na hothair seo ó Thír Chonaill, ó Shligeach agus ó Liatroim.

D'athdhearbhaigh Rialtas na hÉireann agus Feidhmeannas Thuaisceart Éireann go bhfuil siad tiomanta comhoibriú go dlúth le chéile agus iarratas den scoth á chur isteach acu le comórtas Chorn Domhanda Rugbaí 2023 a óstáil.

Bhí bliain iontach ag Turasóireacht Éireann ó thaobh Turasóireachta de, Thuaidh agus Theas. Léiríonn na figiúirí do chuairteoirí ón choigríoch a thug cuairt ar Éirinn in 2016 go raibh méadú 10% ar líon na gcuairteoirí i gcomparáid le 2015. Bhí méadú 8% ar líon na gcuairteoirí go Tuaisceart Éireann, má dhéantar comparáid idir na figiúirí don tréimhse chéanna anuraidh in 2015.

De bharr thoradh reifreann na Ríochta Aontaithe ar 23 Meitheamh an tAE a fhágáil, d'aontaigh CATT, ag cruinniú Iomlánach i mBaile Átha Cliath ar 4 Iúil, go n-oibreodh sí le cinntiú go gcosnófaí leas oileán na hÉireann agus a muintire agus go n-aithneofaí tairbhí an chomhoibrithe Thuaidh/Theas go hiomlán i socrú nua ar bith a d'fhéadfadh teacht chun cinn i gcaidreamh na Ríochta Aontaithe leis an Aontas Eorpach sa todhchaí.

Nótáil CATT ach go háirithe go raibh roinnt réimsí tosaíochta ann mar a mbeadh an-tionchar acu ar an athrú sa chaidreamh idir an Ríocht Aontaithe agus an tAE, ina measc:

- An Geilleagar agus Trádáil;
- Tuaisceart Éireann agus Caidreamh idir an Bhreatain agus Éire;
- An Comhlimistéar Taistil; agus
- An tAontas Eorpach (AE)

D'aontaigh na hAirí iniúchadh iomlán a dhéanamh ar gach earnáil le tionchair, rioscaí, deiseanna agus teagmhais fhéideartha a aithint a d'fhéadfadh tarlú sna céimeanna roimh agus i ndiaidh imeacht na Ríochta Aontaithe ón AE. Pléadh an obair seo, dá réir sin, ag na cruinnithe earnála aireachta agus aontaíodh go mbeadh sí ina príomhábhar plé fós ag na cruinnithe amach anseo. D'aontaigh Feidhmeannas Thuaisceart Éireann agus Rialtas na hÉireann go mbeadh roinnt comhphrionsabal á dtreorú agus iad ag cur a mbeart chun cinn.

Dearbhaíodh athuair tábhacht an mhaoinithe Eorpaigh, go háirithe na cláir PEACE agus INTERREG, i dtaca le comhoibriú agus le forbairt réigiúnach nuair a dearbhaíodh gur tarraingíodh €589.8m anuas as 2007-2013 PEACE III and INTERREG VA. Leanann Rialtas na hÉireann agus Feidhmeannas Thuaisceart Éireann ag comhoibriú le chéile le cinntiú go gcosnófar leas Thuaisceart Éireann agus go gcuirfear é seo chun cinn agus go n-aithneofar tairbhí an chomhoibrithe Thuaidh/Theas go hiomlán sna socruithe nua a thiocfaidh as an chaidreamh idir an Ríocht Aontaithe agus ag tAontas Eorpach amach anseo.

Chomhaontaigh an dá dhlínse ar chur chuige a d'uasmhéadódh an tarraingt anuas as na cláir PEACE IV agus INTERREG VA 2014-2020, agus a chinnteodh go mbainfí an méid tairbhe agus is féidir astu. Thug siad gealltanas comhoibriú a dhéanamh le chéile le maoiniú a

chinntiú do na Cláir chomharbachta agus coinneofar an cheist faoi athbhreithniú ag cruinnithe CATT san earnáil seo amach anseo.

D’éirigh Ferdie Mac an Fhailigh as a phost mar Phríomhfheidhmeannach Fhoras na Gaeilge in 2016. Agus é ag obair mar Phríomhfheidhmeannach, is mór agus is tábhachtach an obair a rinne sé i dtaca le Comhoibriú Thuaidh/Theas. Guíonn muid gach rath ar Fherdie agus é ag dul ar scor móide ar a chomharba mar Phríomhfheidhmeannach, Seán Ó Coinn, ina ceapachán nua.


I mí na Nollag, athbhunaíodh Bord na gComhlachtaí Thuaidh Theas agus Bord Thurasóireacht Éireann. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil leo siúd go léir a rinne seirbhís ar na boird agus guíonn muid gach rath ar bhaill na mBord nua.

Mar fhocal scoir, ba mhaith linn buíochas a ghabháil leis na hoifigigh i Ranna Rialtas na hÉireann, Feidhmeannas Thuaisceart Éireann, sna Comhlachtaí Thuaidh/Theas, sna gníomhaireachtaí a thacaíonn lenár gcuid oibre agus go háirithe lenár gcomhghleacaithe sa Chomhrúnaíocht as a dtacaíocht agus as a gcomhoibriú i rith 2016.



**COLM SHANNON**

**Comhrúnaí (Thuaidh)**



**SHANE O’NEILL**

**Comhrúnaí (Theas)**

## CAIBIDIL 1

**CRUINNITHE IOMLÁNACHA CATT**

Ag cruinnithe Iomlánacha CATT buaileann Airí Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann lena macasamhail i Rialtas na hÉireann le maoirseacht a dhéanamh ar chomhoibriú agus ar obair na n-institiúidí Thuaidh Theas.



*Airí ag freastal ar Chruinniú Iomlánach CATT i gCaisleán Bhaile Átha Cliath ar 4 Iúil 2016*

Bhí dhá chruinniú Iomlánacha CATT in 2016, an chéad cheann ar 4 Iúil i gCaisleán Bhaile Átha Cliath agus an dara ceann ar 18 Samhain in Oifigí Chomhrúnaíocht CATT in Ard Mhacha.

Ba é an Taoiseach Enda Kenny TD a bhí ina cheannaire ar thoscaireacht Rialtas na hÉireann ag an dá chruinniú. Bhí an Chéad-Aire Arlene Foster CTR agus an LeasChéad-Aire Martin McGuinness CTR ina gceannairí ar thoscaireacht Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann ag an dá chruinniú. Dhírigh fócas an dá Chruinniú Iomlánacha ar impleachtaí thoradh Reifreann na Ríochta Aontaithe ar bhallraíocht an AE, a reáchtáladh ar 23 Meitheamh 2016.

Tá na Comhráitis a eisíodh i ndiaidh na gcruinnithe seo le fáil ag [www.northsouthministerialcouncil.org/publications](www.northsouthministerialcouncil.org/publications).

**Impleachtaí Reifreann na Ríochta Aontaithe**
Thug an cruinniú Iomlánach a reáchtáladh i mí Iúil deis do Rialtas na hÉireann agus d'Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann bualadh le chéile go foirmiúil den chéad uair i ndiaidh na dtoghchán is déanaí sa dá dhlínse.

Tharla mionphlé ar an tionchar a d'fhéadfadh bheith ag cinneadh na Ríochta Aontaithe imeacht ón AE ar Thuaisceart Éireann agus ar na caidrimh idir an dá dhlínse. Nótáil na hAirí roinnt réimsí tosaíochta áit a d'fhéadfadh impleachtaí teacht chun cinn, go háirithe an Geilleagar agus an Trádáil, Tuaisceart Éireann agus an Caidreamh idir an Bhreatain agus Éire, an Comhlimistéar Taistil agus an tAE. D'athdhearbhaigh an Chomhairle comhchoimitmint Rialtas na hÉireann agus an Fheidhmeannais le cláir PEACE agus INTERREG a chur i bhfeidhm go rathúil.

D'aontaigh an Chomhairle go ndéanfaí iniúchadh iomlán ar fud na n-earnálacha go léir leis an tionchar a aithint, mar aon leis na rioscaí, na deiseanna agus na teagmhais fhéideartha, a d'fhéadfadh teacht chun cinn sna céimeanna roimh agus i ndiaidh imeacht na Ríochta Aontaithe ón AE, agus go mbeadh tuarascáil air ag an chéad chruinniú Iomlánach eile.

Ag an cruinniú Iomlánach i mí na Samhna, nótáil an Chomhairle go raibh na hiniúchtaí earnála críochnaithe. Aontaíodh go mbeadh roinnt comhphrionsabal ann mar threoir d'Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann agus do Rialtas na hÉireann, agus iad i mbun plé chun cinn. Aontaíodh fosta go leanfadh na hAirí agus oifigigh ar aghaidh lena gcainteanna ar leibhéal CATT agus ar leibhéal earnála agus go leanfaí leis na cainteanna déthaobhacha, de réir mar is gá.

Ina theannta sin, nótáladh go mbuailfeadh oifigigh shinsearacha ó Oifig an Fheidhmeannais, ó Roinn an Taoisigh agus ón Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála le chéile go rialta le hathbhreithniú a dhéanamh ar fhorbairtí. Déanfaidh siad seirbhís mar ghrúpa oibre ardleibhéil ar chúrsaí Brexit fosta.

**Cúrsaí Airgeadais agus Geilleagair**
Pléadh feidhmíocht airgeadais agus geilleagair sa dá dhlínse ag na cruinnithe Iomlánacha nuair a thug na hAirí achoimre ar thograí éagsúla atá ar siúl chun tacú le fás geilleagrach.

## Comhaontú an Túis Úir - Coimitmintí Alt E
Tugadh an t-eolas is déanaí don Chomhairle ag an dá chruinniú Iomlánacha ar an dul chun cinn a bhí déanta ar chur i bhfeidhm na gcoimitmintí éagsúla in Alt E de *Comhaontú an Túis Úir: Plean Forfheidhmithe Chomhaontú Áras Stormont ('Tús Úr').*

Nótáladh gur cuireadh tús le Fiosrúchán Poiblí faoin scéim bhóthair Chonair Iompair Iartharach A5 agus go rabhthas ag súil le tuarascáil na gCigirí in 2017. Féadfar cinneadh a dhéanamh ina diaidh sin maidir le dul chun cinn na céime tógála. Tá sé beartaithe go gcuirfear tús leo siúd ag deireadh 2017. Nótáladh an gealltanas a rinne Rialtas na hÉireann £75 milliún a thabhairt don tionscadal.

Chuir na hÁirí fáilte roimh an rannpháirteachas leanúnach atá ann leis na príomhpháirtithe leasmhara maidir leis na roghanna féideartha do Thionscadal Dhroichead an Chaoil Uisce. Beidh níos mó plé air seo in 2017.

Nótáil an Chomhairle an dul chun cinn a bhí déanta ar Chéim 1 d’athoscailt Chanáil Uladh (Loch Éirne go Caisleán Shandarsan) agus go rabhthas ag súil go n-eiseofaí an tairiscint don chuid dheireanach den chéim seo faoi dheireadh 2016, agus go gcuirfí tús leis an obair ar an suíomh in 2017. Chuir na hAirí fáilte fosta roimh bhunú Fhóram Comhairleach Chanáil Uladh ar a bhfuil príomhpháirtithe leasmhara agus bhuail siad le chéile den chéad uair i mí Mheán Fómhair 2016.

Buaileann Oifigigh Shinsearacha ón dá dhlínse ar bhonn leanúnach leis na coimitmintí éagsúla faoi *Tús Ur* a chur chun cinn agus d’aontaigh na hAirí go dtabharfaí an t-eolas is déanaí orthu seo ag cruinnithe CATT amach anseo.



*An LeasChéad-Aire Martin McGuinness CTR, An Taoiseach Enda Kenny TD, an Chéad-Aire, An Ró-Onórach Arlene Foster CTR agus Charles Flanagan TD, an tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádala ag cruinniú Iomlánach CATT in Ard Mhacha ar 18 Samhain 2016*

## Tionscnamh Thairseach an Iarthuaiscirt

Rinne an Chomhairle machnamh ar an dul chun cinn a bhí déanta ar *Tionscnamh Thairseach an Iarthuaiscirt*. Nótáil na hAirí comhoibriú leanúnach na n-oifigeach le páirtithe leasmhara réigiúnacha maidir leis an treoir agus na tosaíochtaí do réigiún an Iarthuaiscirt. Nótail siad gur bunaíodh *Ciste Forbartha an Iarthuaiscirt* faoi *Tús Úr*, gur thug Rialtas na hÉireann €2.5 milliún don tionscnamh agus gur gheall Feidhmeannas Thuaisceart Éireann go dtabharfadh siad maoiniú meaitseála.

Ghlac CATT leis go raibh Comhairle Contae Dhún na nGall agus Comhairle Cathrach Dhoire agus Ceantair an tSratha Báin ag cur i bhfeidhm na socruithe ina *Plean Fáis Straitéisigh an Iarthuaiscirt* agus chuir siad fáilte roimh an rialachas foirmiúil a aontaíodh, mar aon leis an bhainistíocht airgeadais agus na socruithe riaracháin le haghaidh maoirseachta agus soláthair do *Chiste Forbartha an Iarthuaiscirt*.

D’aontaigh na hAirí go mbuailfeadh oifigigh shinsearacha ó na Ranna ábhartha leis an dá Chomhairle agus nótáil siad an choimitmint leanúnach go reáchtálfaí cruinniú idir na hAirí ón dá dhlínse san Iarthuaisceart.

## Cúrsaí Eile

D’athdhearbhaigh na hAirí a gcoimitmint comhoibriú a dhéanamh le chéile chun iarratas den scoth a chur isteach le haghaidh Chorn Domhanda Rugbaí 2023 a óstáil.

Nótáil na hAirí go raibh forbairt agus cothabháil na gcaidreamh idir an dá dhlínse le feiceáil i gClár Rialtais Rialtas na hÉireann agus i nDréacht-Chreatlach Chlár um Rialtas Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann.

Ag an chruinniú i mí Iúil thug na hAirí Sláinte coimitmint go ndeanfaí tuilleadh scópála le haghaidh deiseanna comhoibrithe uile-oileáin i gcúrsaí sláinte agus i gcúram sóisialta. I ndiaidh an chruinnithe seo, chomhoscail na hAirí Sláinte an tsaotharlann cataitéaraithe chairdiach in Ospidéal Leanaí na Maighdine Muire, Cromghlinn agus thug siad achoimre ar an tslí atá beartaithe don *Líonra Galar Croí ón Bhroinn Uile-Oileáin*.

## CAIBIDIL 2

## EARNÁLACHA CATT

Buaileann an Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas le chéile i bhformáid earnála le maoirseacht a dhéanamh ar chomhoibriú sna 12 Réimse Comhoibrithe nó Earnála atá comhaontaithe. I sé cinn de na hEarnálacha seo, déanann na Comhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh Theas agus na sé Réimse Comhoibrithe comhoibriú tríd na meicníochtaí atá ann faoi láthair a úsáid i gach dlínse.

Sna sé Chomhlacht Forfheidhmithe Thuaidh Theas tá Uiscebhealaí Éireann, an Bord um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia, an Comhlacht Forbairt Trádála agus Gnó, Comhlacht Chláir Speisialta an Aontais Eorpaigh, an Comhlacht Teanga agus Coimisiún an Fheabhail, Chairlinn agus Soilse na hÉireann. Tá tuilleadh eolais ar na Comhlachtaí Thuaidh Theas ar fáil in Iarscríbhinn 3.

Is iad Talmhaíocht, Oideachas, an Comhshaol, Sláinte, Turasóireacht (Turasóireacht Éireann san áireamh) agus Iompar na réimsí comhoibrithe ina ndéantar comhoibriú fosta.

Ag na cruinnithe earnála seo de chuid CATT, freastalaíonn an tAire nó an tAire Stáit atá freagrach as an Earnáil sin ar son Rialtas na hÉireann, agus beirt Airí ar son Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann, de ghnáth an tAire atá freagrach as an Earnáil sin laistigh den Fheidhmeannas, agus Aire eile ainmnithe ag an Chéad-Aire agus an LeasChéad-Aire ar bhonn trasphobail.

Tá cóip de na Comhráitis ó na cruinnithe seo ar fáil ag www.northsouthministerialcouncil.org/publications.

## TALMHAÍOCHT

Reáchtáladh cruinnithe Talmhaíochta CATT ar 20 Eanáir agus ar 26 Deireadh Fómhair 2016. Ag an chruinniú i mí Eanáir bhí Michelle O'Neill CTR, Aire Talmhaíochta agus Forbairt Tuaithe (RTFT), Simon Hamilton CTR, Aire Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Poiblí, Simon Coveney TD, Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM) agus Ann Phelan TD, Aire Stáit, an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (RCPRÁ).



Ag an chruinniú i mí Dheireadh Fómhair bhí Michael Creed TD, Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM), Michael Ring, Aire Stáit, an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta, Michelle McIlveen CTR, Aire Talmhaíochta, Comhshaoil agus Gnóthaí Tuaithe (RTCGT) agus Chris Hazzard, Aire Bonneagair.

### Luaineacht Praghasanna

Phléigh na hAirí cúrsaí luaineachta praghasanna sa tionscal talmhaíochta agus na beartais a chuideodh le feirmeoirí agus leis an tionscal bia na dúshláin seo a shárú.

### Athbhreithniú ar an Chlár Oibre

Nótáil an Chomhairle Clár Oibre na hEarnála Talmhaíochta atá faoi bhun faoi láthair ag CATT agus d'aontaigh siad go bhfuil scóip ann do chomhoibriú praiticiúil agus éifeachtach ar chómhaithe lena chéile san earnáil Talmhaíochta agus go gcoinneofaí faoi athbhreithniú é.

### An tEolas is Déanaí ar Mhaoiniú

Chuir na hAirí fáilte roimh an comhoibriú leanúnach idir an Roinn Talmhaíochta, Comhshaoil agus Gnóthaí Tuaithe (RTCGT) agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM) a bhfuil mar chuspóir aige tarraingt anuas mhaoiniú AE faoi *Horizon 2020 - Societal Challenge 2*, clár iomaíoch an AE le haghaidh taighde agus nuálaíochta, a uasmhéadú. Chuir siad fáilte roimh an mhaoiniú faighte ag na hiarratasóirí rathúla sna

hearnálacha Talmhaíochta, Foraoiseachta, Bia agus Mara agus sa Bhithgheilleagar go dtí seo arbh iarratais comhoibritheacha Thuaidh-Theas roinnt díobh.

Nótáil na hAirí an dul chun cinn a bhí déanta i maoiniú tionscadal taighde sa dá dhlínse faoi *Éileamh Iomaíoch Náisiúnta RTBM*. Cuireadh in iúl do na hAirí go bhfuair Páirtnéirí Taighde i seacht gcomhthionscadal faoi éileamh RTBM 2015 in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann litreacha tairisceana ó RTBM nó ó RTCGT de luach €10.2 milliún (£8.7 milliún). Chuir na hAirí fáilte roimh leathnú *Pháirtíocht T&F na SA-na hÉireann* agus cuirfear téamaí taighde talmhaíochta san áireamh.

## Comhbheartas Talmhaíochta (CBT)

Nótáil an Chomhairle an dul chun cinn a bhí déanta ag RTBM agus ag RTCGT maidir le cur i bhfeidhm leasuithe an Chomhbheartais Talmhaíochta (CBT). Nótáladh go bhfuil dlúth-theagmháil idir oifigigh ar na fórálacha a bhaineann le *Réimse na Srianta Nádúrtha (RSN).* Tugadh an t-eolas is déanaí do na hAirí ar an staid maidir le cur i bhfeidhm *na gClár Forbairt Tuaithe* sa dá dhlínse fosta.

Nótáladh na himpleachtaí ar mhaoiniú CBT a d'fhéadfadh eascairt as cinneadh na Ríochta Aontaithe imeacht ón AE, agus ar an earnáil bia talmhaíochta agus an earnáil iascaigh i gcoitinne, Thuaidh agus Theas. Thug na hAirí aitheantas don dlúth-theagmháil leanúnach idir a n-oifigigh ar réimse ceisteanna, moltaí an Choimisiúin Eorpaigh ar shimpliú CBT san áireamh.

## Sláinte Ainmhithe

Chuir CATT fáilte roimh léiriú a thug achoimre ar chomhoibriú ar dheimhniú táirgí déiríochta a chuireann taca faoi agus a éascaíonn rochtain an mhargaidh ar tháirgí déiríochta ó fud fad an oileáin.

Chuir an Chomhairle fáilte roimh an chomhoibriú leanúnach ar fheidhmiú an *'Plean Gníomhaíochta Straitéis Sláinte agus Leas Ainmhithe Uile-Oileáin'* agus roimh an chomhoibriú praiticiúil agus éifeachtach ar shláinte, ar leas ainmhithe agus ar chosc galar.

Nótáil siad ach go háirithe gur bhronn an Coimisiún Eorpach stádas *"Saor ó Bhrúsallóis go hOifigiúil" (SBO)* ar Thuaisceart Éireann agus gur thug RTCGT clár díothaithe éigeantach *Buinneach Víreasach Bhólachta (BVB)* éigeantach isteach, atá cosúil leis an cheann a thug RTBM isteach in 2013, ar 1 Márta 2016.

Nótáil na hAirí gur cuireadh isteach iarratas chuig *An tEagras Domhanda um Shláinte Ainmhithe (OIE)* le stádas *Riosca Fánach (RF) ó Einceifealapaite Spúinseach Bhólachta (ESB)* a fháil do Thuaisceart Éireann.

Nótáil na hAirí fosta gur thángthas ar chomhaontú ag cruinniú de Ghrúpa Oibre Thuaidh/Theas um Chosc Galar agus um Thrádáil i mí an Mhárta ar bhealaí le cur leis an trádáil idir an dá dhlínse.

Nótáil CATT gur bunaíodh comhchonradh 3 bliana I mí an Mheithimh le $CO^2$ a sholáthar ar bhonn éigeandála chun gású cró iomlán éanlaithe clóis a dhéanamh.

Nótáil na hAirí gur shínigh Príomh-Oifigigh Tréidliachta Meamram Tuisceana i mí an Mheithimh 2016 le foirne ciondíothaithe beostoic a roinnt ar eagla go mbeadh ráig de ghalar andúchasach ann, agus an comhoibriú leanúnach ar phleanáil teagmhais, ar reachtaíocht leas ainmhithe, aitheantas ainmhithe náisiúnta agus AE agus ar an dul chun cinn a bhí déanta ar thionscadal roinnte sonraí.

## Sláinte Plandaí agus Lotnaidicídí

Chuir na hAirí fáilte roimh an chomhoibriú trasteorann leanúnach ag déileáil le sláinte crann agus plandaí agus roimh an chur chuige chomhoibritheach maidir le rialú agus roinnt eolaíochta agus cumais dhiagnóisigh.

Nótáil na hAirí an dul chun cinn a bhí déanta ar an athbhreithniú ar *'Straitéis um Chosc ar Chalara Uile-Éireann'*, mar thoradh ar an fhianaise eolaíochta agus faire leanúnach; an taighde atá á dheanamh le stoc plandaí a fhorbairt a mbeidh acmhainn fhulangach acu ar an ghalar *Chríonadh Siar Fuinseoige (Chalara),* agus coimitmint leanúnach comhoibriú a dheanamh le chéile le cuspóir stádas sláinte maith plandaí a bhaint amach agus a chothabháil ar an oileán.

## Sábháilteacht Feirme

Nótáil an Chomhairle a comhchoimitmint le sábháilteacht feirme a fheabhsú, mar thacaíocht do *An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta* agus do *Feidhmeannas Sláinte agus Sábháilteachta Thuaisceart Éireann*, agus cuspóir acu an baol do na ndaoine sin atá ag obair ar fheirmeacha a laghdú, rud a laghdódh an baol báis nó gortaithe. Chuir na hAirí fáilte roimh an rath a bhí ann eolas a scaipeadh i measc an phobail faoi na contúirtí a bhaineann le sláinte agus le sábháilteacht le linn Seachtain Idirnáisiúnta Feirmeoireachta 2016.

Chuir na hAirí fáilte roimh roinnt leanúnach an eolais ar shábháilteacht feirme agus roimh bhunú an Ghrúpa Sábháilteachta Feirme Thuaidh Theas fosta. Buailfidh an Grúpa le chéile dhá uair sa bhliain agus pléifidh siad réimsí comhoibrithe maidir le sábháilteacht feirme agus déanfaidh siad iarracht deiseanna a chur ar bun le comhthionscadail nua a fhorbairt.

## Forbairt Tuaithe

Cuireann na *Cláir Forbairt Tuaithe* ó Thuaidh agus ó Dheas ar fiú £80m and €250m faoi seach iad, infheistíocht isteach i ngníomhaíochtaí forbairt tuaithe ginearálta, faoi thosaíocht cuimsithe shóisialta, laghdaithe bochtaineachta agus forbartha geilleagraí an AE. Chuir an Chomhairle fáilte roimh an dul chun cinn maith a bhí déanta sa dá dhlínse ar chur i bhfeidhm an mír *LEADER* den Chlár Forbairt Tuaithe. Nótáil na hAirí fosta gur reáchtáil RTCGT agus an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta imeacht Comhoibrithe LEADER san Iúr i mí na Samhna 2016 le comhoibriú idir na Grúpaí Gníomhaíochta Áitiúla ón Ríocht Aontaithe agus ó Éirinn a sheoladh.

Chuir na hAirí fáilte fosta roimh *Scéim Dheontas Caiptitil na Feirmeoireachta Sóisialta* nua a osclaíodh i dTuaisceart Éireann. Nótáil siad an dul chun cinn a bhí déanta ar scéim deontais Feirmeoireacha Sóisialta CFGCT (Coimisiún um Fhorbairt Gheilleagrach Ceantar Tuaithe), agus ar an *Scéim Baile agus Sráidbhaile* nua in Éirinn. D'aontaigh siad gur chóir d'oifigigh deiseanna a lorg an taithí atá acu ar chothú ceantair tuaithe a roinnt.

## OIDEACHAS

Reáchtáladh cruinniú Oideachais CATT ar 21 Meán Fómhair in Ard Mhacha. D'fhreastail Peter Weir, CTR, Aire Oideachais, Richard Bruton, TD, Aire Oideachais agus Scileanna agus Megan Fearon, CTR, Aire Sóisearach ar an chruinniú.

### Tearcghnóthachtáil Oideachais

Nótáil an Chomhairle gur ceapadh Co-operation Ireland le bheith i gceannas ar thionscadal a bhfuil mar aidhm aige forbairt ghairmiúil múinteoirí a chur chun cinn i réimse na tearcghnóthachtála oideachais sa dá dhlínse a mbeidh mar chuspóir aige an obair go léir bheith críochnaithe agus an tuarascáil dheireanach bheith curtha isteach faoi mhí Iúil 2017.

### Sainriachtanais Oideachais

Chuir na hAirí fáilte roimh an dul chun cinn a bhí déanta ag na Ranna agus ag Ionad Choillidh Chanannáin um Uathachas ar éascú agus ar sholáthar seirbhísí an Ionaid, i ndiaidh críoch a chur le tionscadal leathnaithe i mí an Mhárta 2015, agus na torthaí dearfacha ón chomhchigireacht a rinneadh ar an Ionad le linn 2016.




Nótáil na hAirí fosta ceapachán Stiúrthóirí ar Bhord an Ionaid agus go ndearna an tIonad machnamh ar impleachtaí a d'fhéadfadh teacht aníos as toradh reifreann na Ríochta Aontaithe ar bhallraíocht an AE.

### Malartuithe Scoileanna, na nÓg agus Múinteoirí

Nótáil an Chomhairle gníomhaíochtaí leanúnacha an Choiste Caighdeán Oideachais agus Traenála Thuaidh Theas um Obair Óige sa tacaíocht ghairmiúil do na Cláir Ardoideachais in obair óige.

Nótáil na hAirí coimitmint Chomhairle Náisiúnta na nÓg agus Chomhairle Óige Thuaisceart Éireann TFC a bharrfheabhsú le go mbeidh obair óige éifeachtach ann i dtimpeallacht atá ag athrú go gasta. Nótáladh fosta díograis na gComhlachtaí moltaí tuarascála idirnáisiúnta

[Screenagers], a phléann úsáid TFC agus na meán digiteach agus sóisialta in obair óige, a chur i bhfeidhm.

**Soghluaiseacht Múinteoirí**
Chuir na hAirí fáilte roimh chomhthuarascáil ar an eolas is déanaí ón dá Chomhairle Teagaisc agus roimh an chomhoibriú leanúnach idir an dá eagras ar bhearta a glacadh leis na constaicí ar shoghluaiseacht múinteoirí a laghdú. Nótáil siad go raibh An Chomhairle Mhúinteoireachta ag tabhairt isteach meicníochtaí le dul i ngleic le heasnaimh sna cáilíochtaí a tharlaíonn de dheasca thabhairt isteach na Máistreachta Gairmiúla Oideachais dhá bhliain.

Nótail na hAirí fosta go ndearna an Grúpa Oibre Thuaidh Theas um Cháilíochtaí, i gcomhar leis an dá Chomhairle Teagaisc, machnamh ar an tionchar a bheadh ag toradh reifreann na Ríochta Aontaithe ar bhallraíocht an AE ar shoghluaiseacht múinteoirí.

**Scrúdú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge**
Chuir an Chomhairle fáilte roimh an mholadh ó Choláiste Ollscoile Naomh Muire, Béal Feirste agus ó Institiúid Marino, Baile Átha Cliath comhoibriú le tacaíocht a thabhairt d'iarratasóirí ó Thuaisceart Éireann a bhfuil creidiúnú ó Chomhairle Ghinearálta Múinteoireachta Thuaisceart Éireann acu, go mbeidh rochtain acu ar an Scrúdú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge (SCG). Chuir siad fáilte fosta roimh chinneadh na Roinne Oideachais (TÉ) costas tosaigh traenála na dteagascóirí a mhaoiniú agus, nuair is gá é, machnamh a dhéanamh ar mhaoiniú chostais na bhfeitheoirí/na maoirseoirí ar bhonn bliantúil.

**Tionscadal Thuaidh/Theas: Stair agus Scéalaíocht Dhigiteach**
Chuir na hAirí fáilte roimh an choimitmint leanúnach le comhoibriú foghlama gairmiúla trasteorann a dhéanamh idir an tSeirbhís Forbartha Gairmiúla do Mhúinteoirí agus an tSeirbhís Forbairt Scoileanna. Nótáladh críoch rathúil na chéad bhliana den *Tionscadal Staire agus Scéalaíochta Digití* trí bliana. Cuireadh bailchríoch leis an chéad bhliain seo nuair a léiríodh scannáin déanta ag na 12 scoil a ghlac páirt sa tionscadal in Ionad Scannán na hÉireann, Baile Átha Cliath, i mí na Bealtaine 2016. Nótáladh fosta moladh an Ghrúpa Oibre Thuaidh Theas um Cháilíochtaí Múinteora gur chóir go leanfaí ar aghaidh leis an dara bliain den tionscadal.

## An Chomhdháil Sheasta ar Oideachas Múinteoirí Thuaidh Theas (CSaOMTT)
Cuireadh in iúl don Chomhairle gur reáchtáladh 14ú Comhdháil Bhliantúil *CSaOMTT*, agus í ag plé leis an téama, *'Pobail Cleachtaidh: Ag Foghlaim le Chéile chun Múineadh le Chéile'*, in Ard Mhacha i mí Dheireadh Fómhair 2016.

**Comhoibriú idir na Cigireachtaí Oideachais**
Chuir na hAirí fáilte roimh chomhoibriú leanúnach na gCigireachtaí, lena n-áirítear acmhainní don Chigireacht Oideachais agus Traenála le go ndéanfaidís cigireacht ar oideachais lánGhaeilge, agus go leanfar le clár malartuithe cigireachta agus an comhoibriú ar chigireachtaí .

## COMHSHAOL

Reáchtáladh cruinniú Comhshaoil CATT ar 14 Meán Fómhair in Ard Mhacha. D'fhreastail Denis Naughten TD, Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, Michelle McIlveen CTR, Aire Talmhaíochta, Comhshaoil agus Gnóthaí Tuaithe agus Chris Hazzard, Aire Bonneagair ar an chruinniú.



## An tEolas is Déanaí ar Mhaoiniú AE

Is iad Horizon 2020, INTERREG VA agus LIFE na príomhfhoinsí do mhaoiniú ón AE san earnáil Comhshaoil. Chuir na hAirí fáilte roimh an chomhoibriú leanúnach idir an dá dhlínse a chuir béim ar dheiseanna le haghaidh maoinithe faoi na cláir seo. Nótáil siad na himeachtaí comhthraenála agus eolais a reáchtáladh, na seónna bóthair trasteorann san áireamh, agus go raibh comhrochtain ann ar bhunachair sonraí an dá dhlínse.

Nótáil na hAirí fosta an comhoibriú leanúnach idir an dá dhlínse i bhforbairt pacáiste comhthionscadal a bhfuil luach de bhreis agus €70 milliún orthu, a chlúdóidh na comhshaolta talún, fionnuisce agus mara laistigh de chlár INTERREG VA. Nótáladh fosta gur osclaíodh an glao don chlár LIFE 2016.

## Athbhreithniú ar an Chlár Oibre

Nótáil an Chomhairle go gcoinneofaí Clár Oibre Comhshaoil CATT faoi athbhreithiniú ag cruinnithe Comhshaoil CATT sa todhchaí, go háirithe i dtaca le ceisteanna a thiocfaidh chun cinn ó thoradh Reifreann na Ríochta Aontaithe ar bhallraíocht an AE.

D'aontaigh na hAirí gur chóir go ndéanfaí machnamh ar chomhoibriú ar sheirbhísí uisce agus séarachais, ar dheiseanna comhoibrithe i dtaca le ceisteanna comhshaoil níos leithne laistigh den Chlár Oibre reatha agus go ndéanfaí machnamh ar Chlár Oibre uasdátaithe ag cruinniú Iomlánach CATT sa todhchaí.

## Tionchar Comhshaoil ar Sciúradh Breosla

Nótáil an Chomhairle go raibh laghdú ann i dtuairisciú dumpála mídhleathaí bainteach le dramhaíl ó sciúradh breosla ó tugadh isteach marcóirí breosla sa dá dhlínse i mí Aibreáin 2015.

Chuir na hAirí béim ar an ghá le comhoibriú a dhéanamh leis na gníomhaireachtaí ábhartha go léir le tabhairt faoi fhadhb an sciúrtha bhreosla agus faoina cheangail leis an choiriúlacht eagraithe.

## Bogadh Dramhaíola Trasna na Teorann

Nótáil an Chomhairle go raibh an Clár Aisdúichithe a aontaíodh do 2015-2016 críochnaithe nuair a bogadh agus a aisdúichíodh dramhaíl ó dhá láithreán mídhleathacha (suite in Alt na Meacan agus i nDroichead Mhaigh Eo) agus go raibh oifigigh ó na Ranna ábhartha i mbun plé le Clár Oibre a chomhaontú leis na láithreáin aisdúichithe atá fágtha a chríochnú.

Dhearbhaigh na hAirí athuair go raibh siad ag díriú acmhainní go fóill ar chomhghníomhaíocht a dhéanamh in éadan na ndaoine sin atá páirteach i ndramhaíl mhídhleathach, malartú faisnéise faoi cheantair thríoblóideacha agus cigireachtaí comhordaithe a dhéanamh san áireamh.

## Bainistíocht Dramhaíola

Nótáil an Chomhairle gur foilsíodh na trí phlean bainistíochta dramhaíola réigiúnacha a chlúdaíonn Réigiún Chonnacht-Uladh, Réigiún an Lár-Tíre Thoir agus an Réigiún Deisceartach don tréimhse 2015-2021 in Éirinn. Tuairiscíodh go ndearnadh próiseas comhairliúcháin go forleathan i bhforbairt na bpleananna réigiúnacha seo le cinntiú go gcuirfí barúlacha na bpáirtithe leasmhara ábhartha san áireamh. Ina measc bhí comhairliúchán trasteorann a rinneadh le Gníomhaireacht Comhshaoil Thuaisceart Éireann i gcomhthéacs phróiseas an Mheasúnaithe Comhshaoil Straitéisigh bainteach le forbairt na bpleananna.

Nótáil na hAirí go raibh infheistíocht leanúnach ann in athchúrsáil i dTuaisceart Éireann agus gur tugadh na staitisticí ba dhéanaí ar an ráta athchúrsála dóibh. Nótáil an Chomhairle gur tugadh isteach bearta reachtacha, i dTuaisceart Éireann, leis an méid dramhaíola bia a chuirtear chuig láithreáin líonadh talún a ísliú agus gur tugadh isteach tuilleadh reachtaíochta le cur i gcoinne coiriúlachta sa tionscal dramhaíola.

## Cosaint, Tuairisciú agus Taighde an Chomhshaoil

Nótáil na hAirí gur cuireadh i gcrích staidéar taighde ar chaighdeán an aeir uile-oileáin, coimisiúnaithe ag CATT, agus gur cuireadh tuarascáil faoi, i láthair do na hAirí ábhartha agus go raibh sí ar fáil ar líonláithreán RTCGT, agus ar líonláithreán na Roinne Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil (RCGAC). Nótáladh gur eiseamláir é an tionscadal seo den bhealach is féidir le taighde tacú le forbairt polasaí.

Tugadh an t-eolas is déanaí fosta don Chomhairle ar chlár fianaise comhoibrithí 'ShARE' (Fianaise Rialaitheach Gníomhaireachta Roinnte) a raibh 10 dtionscadal ar siúl aici.

## Caighdeán Uisce

Nótáil na hAirí gur druideadh an comhairliúchán poiblí ar *Ceisteanna Móra Bainistíochta Uisce* in Éirinn agus gur foilsíodh na *Pleananna Bainstíochta Abhantraí* do Thuaisceart Éireann i mí na Nollag 2015. Nótáil siad fosta gur bhunaigh Rialtas na hÉireann Oifig Uiscí agus Pobal na nÚdarás Áitiúil nua a dhíreodh ar rannpháirteachas an phobail agus ar rannpháirtíocht phoiblí, comhoibriú trasteorann san áireamh.

Thug na hAirí aitheantas don chomhoibriú trasteorann ar fhorbairt na nIontaobhas Abhann, cur chun cinn, scaipeadh eolais ar agus rannpháirtíocht an phobail in Abhantrach Chluain Dabhail san áireamh. D'aithin siad an comhordú leanúnach atá á dhéanamh ar na Scéimeanna Cósta Glan agus Cúram Chósta fosta agus chuir siad fáilte roimh méid na ngradam trá bronnta sa dá dhlínse in 2016.

Nótáil an Chomhairle an rannpháirtíocht leanúnach idir an Roinn Bonneagair, RCGAC, Uisce Éireann agus Uisce Thuaisceart Éireann ar dheiseanna a fháil le haghaidh comhoibrithe, ar iarratais le Maoinithe INTERREG VA a fháil san áireamh.

**SLÁINTE**

Reáchtáladh cruinnithe CATT ar Shláinte ar 20 Eanáir agus ar 9 Samhain 2016. D'fhreastail Leo Varadkar TD, Aire Sláinte, Dr. James Reilly TD, Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige, Simon Hamilton CTR, Aire Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Poiblí agus Michelle O'Neill CTR, Aire Talmhaíochta agus Forbairt Tuaithe ar an chruinniú i mí Eanáir. D'fhreastail Michelle O'Neill CTR, Aire Sláinte, Simon Harris TD, Aire Sláinte, Katherine Zappone TD, Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige, agus Alasdair Ross CTR, Aire Sóisearach, ar an chruinniú i mí na Samhna.

**Athbhreithniú ar an Chlár Oibre**

Ghlac na hAirí leis go raibh an Clár Oibre Sláinte atá faoi bhun ag CATT tábhachtach agus gur thug sé deis comhoibriú praiticiúil agus éifeachtach a dhéanamh le leas gach duine agus chuir siad fáilte roimh an dul chun cinn a bhí déanta. Nótáil siad go raibh deis ann le haghaidh níos mó forbartha agus comhoibrithe i roinnt réimsí. D'aontaigh siad fosta go rachfadh na Ranna i mbun plé lena chéile le teacht ar chomhchur chuige maidir le haithint réimsí comhoibrithe breise sa todhchaí agus go ndéanfaí machnamh orthu seo ag an chéad chruinniú eile CATT ar Shláinte.

Nótáil Airí fosta go raibh athbhreithniú ar an Chlár Cosaint Leanaí reatha ar siúl agus go gcuirfí Dréacht-Chlár Oibre uile-oileáin leasaithe i láthair ag cruinniú earnála CATT ar Shláinte le bheith faofa.

**An tEolas is Déanaí ar Mhaoiniú AE**

Tugadh an t-eolas is déanaí don Chomhairle ar an chomhoibriú leanúnach a bhfuil mar aidhm aige méid an mhaoinithe ón AE a uasmhéadú san earnáil Sláinte, agus nótáil siad gur lean oifigigh ar aghaidh deiseanna a aimsiú le haghaidh tuilleadh comhoibrithe a dhéanamh.

Chuir na hAirí fáilte roimh chomhlíonadh rathúil an dá ghné déag den tionscadal Comhoibriú agus Obair Le Chéile faoi INTERREG IVA. D'fháiltigh siad fosta roimh an chur i láthair ón Bhord Taighde ar Shláinte ar shruthanna maoinithe Horizon 2020 san Earnáil Sláinte.

**Cur Chun Cinn na Sláinte**

Tugadh an t-eolas is déanaí don Chomhairle ar obair an Ghrúpa Chomhairligh ar Bheartas Alcóil Thuaidh/Theas, agus obair an Ghrúpa um Dhochar Ceilte Thuaidh/Theas arna éascú ag CAWT. Nótáladh gur athnuaigh an Grúpa Comhairleach ar Bheartas Alcóil Thuaidh/Theas a Théarmaí Tagartha. Chuir na hAirí fáilte roimh an phlean seimineár mhalartú eolais a reáchtáil in 2017 ar an nasc idir alcól, féindochar agus féinmharú, agus nótáil siad an dul chun cinn leanúnach ar straitéisí le cosc a chur leis an dochar a bhaineann le mí-úsáid alcóil.

Nótáil an Chomhairle go raibh an dá dhlínse ag déanamh machnaimh ar impleachtaí chinneadh Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh sa chás Albanach faoi Íosphraghasáil Aonaid Alcóil.

Nótáil na hAirí gur reáchtáladh comhdháil uile-oileáin *'Oileán gan Tobac-Cad é mar tá ag éirí linn?'*, eagraithe ag an Institiúid Sláinte Poiblí, i mBéal Feirste i mí Mheithimh, agus gur thug an dá dhlínse reachtaíocht isteach le Treoir um Tháirgí Tobac an AE, a tháinig i bhfeidhm i mí na Bealtaine, a thrasuí. Nótáil siad fosta gur tugadh pacáistíocht

chaighdeánaithe ar tháirgí tobac isteach i dTuaisceart Éireann i mí na Bealtaine 2016 agus go dtabharfaí beartais pacáistíochta caighdeánaithe isteach in Éirinn amach anseo.

Chuir na hAirí fáilte roimh an eolas is deánaí ar thograí le cosc a chur ar fhéinmharú sa dá dhlínse, cinneadh na gceithre Phríomh-Eaglais Chríostaí go léir an togra idireaglais le cosc ar fhéinmharú '*Faoi Bhláth!'* a chur ina gcuid traenáil chléire san áireamh.

D'fháiltigh CATT fosta roimh an '*Clár Oiliúna um Gharchabhair le haghaidh Sláinte Intinne'* (togra Astrálach), arna chur in oiriúint do Thuaisceart Éireann. a rinneadh le níos mó ná 4,500 duine ó 2009. Cuireadh fáilte fosta roimh an chomhoibriú leanúnach idir an Ghníomhaireacht Sláinte Poiblí agus an Oifig Náisiúnta um Chosc ar Fhéinmharú ina gcuid oibre le *CLG* ar thionscadal sláinte agus folláine, réachtáil *'Lá Náisiúnta ar Shláinte agus ar Fholláine'* ar 22 Deireadh Fómhair ina measc.

Ag an chruinniú i mí na Samhna, sheol na hAirí an bileog *'Imníoch faoin Fhéinmharú'* a chuideoidh le heolas a scaipeadh agus a chuirfidh daoine i dteagmháil le foinsí tacaíochta.

Nótáil an Chomhairle gur seoladh *'Plean Náisiúnta Gníomhaíochta Fisicí,* an chéad cheann riamh roimhe in Éirinn, agus seoladh *'Meáchan Shláintiúil d'Éirinn – Beartas Otrachta agus Plean Gníomhaíochta 2016-2025'* in 2016, agus go raibh an Ghníomhaireacht Sláinte Poiblí, an Ghníomhaireacht Caighdeán Bia agus *safe*food ag dul i gcomhairle ar na caighdeáin chothaithe d'oibrithe foirne agus do chuairteoirí i suíomhanna sláinte agus cúraim shóisialta.

**Comhoibriú ar Thaighde ar Ailse agus ar Shláinte**
Ag a gcruinniú ar 9 Samhain, nótáil na hAirí an dul chun cinn a bhí déanta ar fhorbairt an Aonaid Radaiteiripe in Ospidéal Réigiúnach Allt Mhic Dhuibhleacháin. Beidh an tAonad nua, a osclaíodh ar 28 Samhain, ábalta cóireáil a chur ar bhreis agus 1,500 othar nua nuair a bheidh sé ag feidhmiú go iomlán. Beidh suas le 385 de na hothair nua seo ó Thír Chonaill, ó Shligeach agus ó Liatroim.

Nótáil an Chomhairle fosta gur cuireadh cúig iarratas nua a raibh baint ag taighdeoirí ón dá dhlínse leo isteach chuig na hInstitiúidí Náisiúnta Sláinte, faoi *Páirtíocht T&F na SA-na hÉireann*.

D'fháiltigh na hAirí roimh an eolas is déanaí ar obair leanúnach na hInstitiúide uile-Éireann um Chúram Ospíse agus Mhaolaitheach, seoladh *'An Mol Maolaitheach– Gairmiúil'*, lena n-áirítear reáchtáil ceardlainne i dtaobh daoine óga a bhfuil riocht sláinte orthu a chiorraíonn an saol, agus an t-aistriú ó sheirbhísí leanaí go seirbhísí aosach a fhreabhsú dóibh; agus óstáil Comhdhála idirnáisiúnta ar Chúram Mhaolaitheach i mí Dheireadh Fómhair 2016.



*An tAonad Nua Radaiteiripe in Ospidéal Réigiúnach Allt Mhic Dhuibhleacháin*

**Cosaint Leanaí**
Nótáladh go raibh an Grúpa Stiúrtha trasteorann oifigeach a bhfuil an Roinn Sláinte (TÉ) agus an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige ina gcathaoirligh air, ag cur chun cinn fós an Chláir Oibre a aontaíodh ag cruinniú CATT ar Shláinte agus ar Shábháilteacht Bia i mí Iúil 2012.

Tugadh an t-eolas is déanaí fosta ar na sruthanna oibre éagsúla bainteach leis an Fhóram Malartaithe Eolais, Caighdeáin agus Éifeachtúlacht, le Básanna Leanaí agus iad faoi Chúram, le Cumas Cultúrtha i gCosaint agus le Sainseirbhísí eile.

## TURASÓIREACHT

Tá Turasóireacht Éireann Teo. freagrach as oileán na hÉireann a chur chun cinn thar sáile mar cheann scríbe turasóireachta. Is í an turasóireacht an tionscal dúchasach is mó ar oileán na hÉireann agus tá sí mar bhreis agus 4% den OTI sa Deisceart agus 5.2% den OTI sa Tuaisceart. Ó thaobh fostaíochta de, tacaíonn an tionscal le 222,000 post sa Deisceart agus le 43,000 post sa Tuaisceart.



*Niall Gibbons, Príomhfheidhmeannach Turasóireacht Éireann, Aire Fiontar, Trádála agus Infheistíochta, Jonathan Bell, agus John McGrillen, Príomhfheidhmeannach Turasóireacht TÉ ag seoladh fheachtas Game of Thrones 2016 Turasóireacht Éireann.*

## Athbhreithniú ar Shéasúr 2016 agus Féachaint ar aghaidh ar Shéasúr 2017

Bliain iontach don tionscal ba ea 2016. Léiríodh méadú 10% sna figiúirí do chuairteoirí ón choigríoch go hÉirinn in 2016, i gcomparáid le 2015. I dTuaisceart Éireann, léiríodh méadú 8% sna figiúirí do chuairteoirí ón choigríoch, i gcomparáid le 2015.

Bhí an t-éagsulú margaidh san Eoraip, sna SA agus san Áise ina phríomhghné den rath seo. Tháinig an méid is mó ioncaim turasóireachta in 2016 ó Mhór-Roinn na hEorpa, mar shampla. Tá feachtas Turasóireacht Éireann le 'feiceálacht' a chruthú go maith ar siúl sna SA. Leis na tairbhí ó na meáin shóisialta agus dhigiteacha a uasmhéadú, dhírigh na feachtais seo a n-acmhainní ar spriocluchtféachana bunaithe ar théamaí promóisin amhail Slí an Atlantaigh Fhiáin, Slí Chósta an Chlocháin, Oirthear Ársa na hÉireann, Béal Feirste agus Baile Átha Cliath.

Tá spéis bhreise cruthaithe ag an tionscal scannáin agus ag imeachtaí spóirt, rud is cúis le líon níos mó cuairteoirí anseo. Bainfidh Turasóireacht Éireann úsáid as naisc turasóireachta scannáin, Star Wars agus Game of Thrones san áireamh agus as imeachtaí spóirt idirnáisiúnta, amhail Craobh Oscailte na hÉireann i bPort na Binne Uaine, le hÉirinn a chur chun cinn mar cheann scríbe uathúil agus iontach do chuairteoirí.

Tá clár láidir imeachtaí i dTuaisceart Éireann á chur chun cinn faoi láthair, a chuireann béim ar eispéiris íocónacha amhail Titanic Béal Feirste. Ag Duaiseanna Taisteal Domhanda, vótáladh Titanic Béal Feirste mar an t-ionad cuairteoirí is mó ar domhain a mbíonn an méid is mó tóra ag cuairteoirí air.

## Coirn Dhomhanda Rugbaí

Tá na hullmhúcháin le Corn Domhanda Rugbaí na mBan a óstáil i mí Lúnasa 2017 ag dul ar aghaidh go fóill. Tharla Crannchur na nGrúpaí i Halla na Cathrach, Béal Feirste i mí na Samhna 2016. Reáchtálfar an comórtas i mBéal Feirste agus i mBaile Átha Cliath. Tá Fáilte Ireland agus Turasóireacht Thuaisceart Éireann páirteach sna hullmhúcháin.

Lean obair na Rann ábhartha in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann i rith na bliana ar an chomhthairiscint a ullmhú leis an Chorn Dhomhanda Rugbaí (CDR) in 2023 a óstáil. Fuarthas na cáipéisí Chéim Iarrthóra ó World Rugby i mí na Samhna 2016 roimh a gcuairt tairsceana ar Éirinn i mí an Mhárta 2017. Tá dianchlár oibre ar siúl anois le cinntiú go gcuirfear an tairiscint is láidre isteach faoi 1 Meitheamh 2017.

## IOMPAR

Reáchtáladh cruinniú Iompair CATT in Ard Mhacha ar 12 Nollaig 2016. D’fhreastail Shane Ross TD, Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, Chris Hazzard CTR, Aire Bonneagair agus Alastair Ross CTR, Aire Sóisearach, ar an chruinniú.



*Glasbhealach Loch Chairlinn*

## An tEolas is Déanaí ar Mhaoiniú an AE

Chuir na hAirí fáilte roimh an chomhoibriú leanúnach idir an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus an Roinn Bonneagair ar cheisteanna Iompair bainteach leis an AE. Nótáil siad fosta gur éirigh leis an dá dhlínse cómhaoiniú Connecting Europe Facility (CEF)/Trans European Transport Network (TEN-T) a fháil.

Nótáil na hAirí staid cúrsaí maidir leis na cláir CEF/TEN-T agus thug siad aitheantas don tacaíocht do na tionscadail, ina measc:

- Feabhas a chur ar an iarnród ar an Líne ó Bhéal Feirste go Baile Átha Cliath agus í a athchóiriú;
- Oibreacha feabhsúcháin agus cumasúcháin a dhéanamh (Céim 1) Stáisiún Mhórshráid Victeoiria Bhéal Feirste;
- Staidéir indéantachta agus dearaidh – Bóthar Faoisimh Theas an Iúir;
- Sábháilteacht ar bhóithre agus staidéir dearaidh – A1;
- Roinnt iarratas Single European Sky ATM Research (SESAR); agus
- Iarratas le haghaidh Mótarbhealaí Mara féideartha agus Nuálaíochta.

D’aontaigh na hAirí teimpléad ráiteas comhoibrithe do thionscadail bainteach le hiompar CEF, a bheadh le húsáid chun tacú le hiarratais le haghaidh Mhaoiniú AE. Maidir le seo, shínigh na hAirí ráiteas comhoibrithe bainteach le tionscadail iarrthóra CEF/TEN-T sa dá dhlínse.

## Tosaíochtaí Straitéiseacha Iompair, Tionscadail Phríomhbhóithre san áireamh

Nótáil na hAirí an comhoibriú leanúnach idir an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus an Roinn Bonneagair ar Thosaíochtaí Straitéiseacha Iompair agus ar dheiseanna comhoibrithe. I measc na ndeiseanna seo, beidh forbairt ar líonra bóthair straitéiseach, a chuirifdh feabhas ar an chónasc Thoir Thiar agus Thuaidh Theas ar an oileán, agus a thacóidh le hathrú módúlach go dtí modhanna iompair níos inbhuanaithe, go háirithe an seans seirbhísí iompair phoiblí trasteorann a roinnt sna ceantair teorann.

Cuireadh na hAirí ar an eolas faoin mholadh le staidéar indéantachta a choimisiúnú ar na roghanna fadtéarmacha atá ann maidir le seirbhís iarnróid an Enterprise, idir Béal Feirste agus Baile Átha Cliath a fheabhsú. Nótáil siad gur osclaíodh an Fiosrúchán Poiblí ar scéim an bhóthair A5 ar 4 Deireadh Fómhair 2016 agus go raibh siad ag súil go mbeadh tuarascáil na gCigirí críochnaithe agus ar fáil sa chéad leath de 2017.

Nótáil na hAirí an chomhchoimitmint leanúnach don scéim A5 agus nótáil siad fosta gur athdhearbhaigh Rialtas na hÉireann £75 milliún a sholáthar do Chéim 1 den Scéim. Soláthrófar é seo i dtrí sciar sna blianta 2017, 2018 agus 2019. Nótáil na hAirí fosta, mar a tharla i gComhaontú an Túis Úir, go raibh lamháil i bPlean Caipitil Rialtas na hÉireann d’athbhreithniú leanúnach a dhéanamh maidir le cur leis an choimitmint reatha.

Nótail na hAirí an moladh go mbeadh teagmháil bhreise ann leis na príomhpháirtithe leasmhara leis an rogha is fearr do Dhroichead Chaol an Uisce a aithint, mar aon leis an chríoch a bhfuiltear ag súil leis de mheasúnú Chéim 1 leis an chonair/na conairí is fearr do Bhóthar Faoisimh Theas an Iúir a dhearbhú. Táthar ag súil go mbeidh sé críochnaithe go luath in 2017.

## Glasbhealaí Rothaíochta/Trasteorann

Chuir na hAirí fáilte roimh an infheistíocht leanúnach ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus ón Roinn Bonneagair ar chur chun cinn agus ar fhorbairt na roghanna iompair inbhuanaithe, an rothaíocht san áireamh. D’fháiltigh na hAirí roimh fhoilseachán na Roinne Bonneagair ‘*Bí aclaí – Féach thart – Bain Sult As: Plean Straitéiseach do Ghlasbhealaí’*.

Chuir an Chomhairle fáilte roimh an mhaoiniú ón AE do thrí thionscadal Glasbhealaigh trasteorann. D’aithin siad tairbhí an chomhoibrithe i bhforbairt an líonra Glasbhealaí agus chuir siad fáilte fosta roimh dháileadh €47m le tacú le réimse tionscadal iompair inbhuanaithe faoi INTERREG VA.

## Sábháilteacht d’Úsáideoirí Bóithre agus d’Fheithiclí

Chuir na hAirí fáilte roimh an roinnt leanúnach i dtaca le heolas agus taithí idir oifigigh ar na beartais shábháilteachta ar bhóithre a chur i bhfeidhm agus ghlac siad leis na deacrachtaí móra atá ann maidir leis an Tionscadal Comhaitheanta ar na Pointí Pionóis. Nótáil siad go

rabhthas ag súil go dtosódh comhaithint tiománaithe dícháilithe idir an dá dhlínse go luath in 2017.
Nótáil siad fosta gur achtáladh Acht (Leasaithe) Tráchta Bóthair Thuaisceart Éireann 2016 ina bhfuil forálacha le dul i ngleic leis an tiomáint faoi thionchar an óil, le réimeas na dtiománaithe faoi oiliúint a leasú mar aon le Ceadúnú Céimnithe Tiománaithe, agus caitheamh éigeantach clogad agus cuadrothair á dtiomáint ar bhóithre poiblí.

Nótáil na hAirí an comhoibriú leanúnach dírithe ar an réimse leathan gníomhaíochta mídhleathaí laistigh den tionscal iompair earraí agus den tionscal iompair paisinéirí, an comhoibriú leanúnach ar oibríochtaí forfheidhmiúcháin trasteorann rathúla san áireamh.

Chuir na hAirí fáilte roimh an roinnt eolais leanúnach idir oifigigh fhorfheidhmiúcháin agus an tionscnamh forfheidhmiúcháin trasteorann rathúil '*Oibríocht Trivium*', a tharla sa tréimhse roimh an Nollaig, agus a dhírigh ar oibreoirí iompair ardriosca.

## DOBHARSHAOTHRÚ AGUS CÚRSAÍ MARA

Reáchtáladh cruinniú Dhobharshaothrú agus Chúrsaí Mara CATT ar 14 Meán Fómhair 2016 in Ard Mhacha. D'fhreastail Denis Naughten TD, Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, Michelle McIlveen CTR, Aire Talmhaíochta, Comhshaoil agus Gnóthaí Tuaithe, Seán Kyne TD, Aire Stáit le freagracht as Gnóthaí Gaeltachta agus Acmhainní Nádúrtha, agus Chris Hazzard, CTR, Aire Bonneagair, ar an chruinniú.



*Daltaí bunscoile ag tumadh i linn ag Gníomhaireacht na Lochanna*

**Léargas ar Ghníomhaireacht na Lochanna agus an Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn**

Chuir na hAirí fáilte roimh chur i láthair Ghníomhaireacht na Lochanna ar a cuid oibre agus nótáil siad gurbh iad seo a leanas príomhfheidhmeanna na Gníomhaireachta i lochanna mara agus in abhantracha an Fheabhail agus Chairlinn:

- Iascaigh a chaomhnú agus a chosaint;
- Dobharshaothrú agus sliogiascaigh a cheadúnú agus a fhorbairt;
- Turasóireacht mara agus slatiascaireacht a fhorbairt; agus
- A mandáid agus a freagrachtaí reachtúla a chomhlíonadh go héifeachtach agus go héifeachtúil.

Chuir na hAirí fáilte roimh an tuarascáil ar dhul chun cinn ó Phríomhfheidhmeannach Ghníomhaireacht na Lochanna, John Pollock, ar ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta le déanaí, agus nótáil siad, ach go háirithe, an staid ar mharthanas Oisrí Leathana Dúchasacha Loch Feabhail; ainmniú na Gníomhaireachta do dhuaiseanna as turasóireacht agus cuairteoirí a mhealladh; rannpháirteachas na Gníomhaireachta ar Ghrúpa Comhoibrithe ar

Iascaigh Thuaidh/Theas, fóram comhoibritheach ar a bhfuil Gníomhaireacht na Lochanna, Iascaigh Intíre Éireann agus RTCGT.

Nótáil an Chomhairle an tuarascáil ar sheirbhís farantóireachta an Fheabhail agus thug siad aitheantas don ról a ghlacann Ghníomhaireacht na Lochanna cainteanna a éascú le páirtithe leasmhara agus staidéar indéanachta a dhéanamh arbh é atosú Sheirbhís an Fheabhail i mí Iúil 2016 an toradh a tháinig as.

Maidir leis an rialachas corparáideach, nótáil an Chomhairle an dul chun cinn a bhí déanta ag an Ghníomhaireacht Dréacht-Phlean Corparáideach do 2017-19 agus Dréacht-Phlean Gnó do 2017 a ullmhú, agus an staid maidir leis an Tuarascáil Bhliantúil agus na dréachtráitis airgeadais don bhliain 2015 a shoiléiriú..

**Cur Chun Cinn acmhainní Ghníomhaireacht na Lochanna**
Chuir na hAirí fáilte roimh an tuarascáil ar ghníomhaíochtaí Ghníomhaireacht na Lochanna i gcur chun cinn Cheantar an Fheabhail agus Cheantar Chairlinn. I measc na ngníomhaíochtaí bhí tionscnaimh forbartha slatiascaireachta amhail imeachtaí, comórtais, tuairiscí eagarthóireachta sna mórfhoilseácháin slatiascaireachta, tionscnaimh turasóireachta mara amhail Féile Mara an Fheabhail agus an tIonad Gníomhaíochta Trá (The Ark) ar Thrá Bheann Abhann, agus gníomhaíochtaí oideachais agus for-rochtana éagsúla, an Clár Ambasadóra Mara, agus Tionscadal Ambasadóir an Fheabhail san áireamh.

**Deiseanna Maoinithe Seachtracha**
Nótáil na hAirí rath Ghníomhaireacht na Lochanna i maoiniú seachtrach a fháil. Cuireadh ar an eolas iad faoi na deiseanna maoinithe seachtracha éagsúla a bhfuil an Ghníomhaireacht ag déanamh iniúchadh orthu, an Ciste Sóisialta Eorpach, an Crannchur Oidhreachta, INTERREG VA agus an Clár Forbairt Tuaithe san áireamh.

**Rialacháin Cheantar Chairlinn 2016 (Sainmhíniú ar bhéal na Rí)**
Rinne an Chomhairle machnamh ar agus d’fhaomh siad na Rialacháin seo a shainmhíníonn béal na Rí.

**SÁBHÁILTEACHT BIA**
Reáchtáladh dhá chruinniú Sábháilteachta Bia CATT in 2016 in Ard Mhacha. D'fhreastail Leo Varadkar TD, Aire Sláinte, Dr. James Reilly TD, Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige, Simon Hamilton CTR, Aire Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Poiblí, agus Michelle O'Neill CTR, Aire Talmhaíochta agus Forbairt Tuaithe ar an chéad chruinniú ar 20 Eanáir. D'fhreastail na hAirí Sláinte, Michelle O'Neill CTR, agus Simon Harris TD ar an chruinniú ar 9 Samhain. D'fhreastail Katherine Zappone TD, Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige, agus Alastair Ross CTR, Aire Sóisearach, ar an dara cruinniú fosta.




*Tionscadal Iontaobhas Resurgam i Lios na gCearrbhach, ceann de na 13 thionscadal a fuair maoiniú ó Chlár na dTionscnamh Bia Pobail 2016-18.*

## Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn agus Léargas ar *safe*food
Tugadh léargas do na hAirí ar obair an Bhoird um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia ('*safe*food') agus thug Príomhfheidhmeannach *safe*food, Ray Dolan, tuarascáil dóibh ar an dul chun cinn a bhí déanta ar an obair atá ar siúl faoi láthair. Nótáil an Chomhairle an tuarascáil a léirigh éachtaí ardleibhéil *safe*food. Ina measc bhí:

## Feachtais

### *Otracht Leanaí*
Ba í 2016 an bhliain dheireanach de 'Feachtas Otrachta Leanaí' thrí bliana *safe*food. Dhírigh an feachtas feasachta poiblí seo ar an teachtaireacht 'Abair 'Níl' níos minice' agus spreag sé tuismitheoirí méid na gcodanna dá leanaí a laghdú.

### *'Operation Transformation'*

Nótáil na hAirí seoladh ‘weight-mate’ *safe*food, aip caillteanas meáchain, a seoladh go luath i mí Eanáir 2016 ag an am chéanna agus a craoladh an tsraith teilifíse ‘Operation Transformation’ ar RTÉ. Lean *safe*food lena urraíocht ar an chlár ina raibh comhairle ar bhosca lóin sláintiúil i mbliana agus reáchtáil sé ‘dúshlán bosca lóin sláintiúil.’ Bhí *safe*food ábalta é seo a úsáid lena bhileog ar Bhosca Lóin Sláintiúil a chur chun cinn i measc tuismitheoirí a bhfuil leanaí bunscoile acu.

### *Aigéad Fólach*

Seoladh an dara céim d’fheachtas *safe*food dar teideal ‘Tá Leanaí ar an eolas maidir le hAigéad Fólach’ i mí an Mheithimh agus bhí sé ar siúl ar feadh ceithre seachtaine. Bronnadh bonn Cré-umha ar an fheachtas a bhfuil rún ann é a chraoladh arís, ag Duaiseanna IAPI um Éifeachtacht Fógraíochta.

## Sábháilteacht Bia

I mí na Samhna 2015, sheol *safe*food feachtas nua dhá bhliain ar shábháilteacht bia dar teideal ‘Éist le Guth na Sábháilteachta Bia’. Reáchtáladh an dara céim den fheachtas seo a raibh béim aige ar spriocghrúpa de dhaoine a bhí os cionn 65 bliain d’aois, ó dheireadh mhí Iúil go mí Lúnasa, agus bhí sé á chraoladh arís i mí na Nollag.

Nótáil an Chomhairle go ndeachaigh *safe*food i mbun plé le custaiméirí ar na meáin dhigiteacha, agus iad ag forbairt líonraí éagsúla amhail an ‘Tionscnamh Bia Pobail’. Thosaigh ‘Clár CFI’ nua thrí bliana (2016-2018), a dhíríonn ar rannpháirteachas teaghlaigh agus ar fhorbairt scileanna cócaireachta amhail siopadóireacht, pleanáil béilí, bunscileanna ullmhúcháin agus modhanna cócaireachta traidisiúnta in 2016. Nótáladh fosta go raibh tuilleadh forbartha á déanamh ar na Líonraí Eolais a bhunaigh *safe*food in 2011, le naisc a chruthú agus a mhéadú idir lucht gairme sábháilteachta bia ar fud an oileáin. Díreoidh siad seo ar na hearnálacha déiríochta, éanlaithe clóis agus feola báine, bia ainmhithe, feola deirge, táirgí úra, iasc agus sliogiasc i rith na 3 bliana seo chugainn.

Maidir leis an taighde a choimisiúnaigh *safe*food, nótáil an Chomhairle an suirbhé agus an tuarascáil ‘Costas Chiseán Bia Shláintiúil’; taighde déanta ar dheochanna fuinnimh; agus an ‘Fóram Gníomhaíochta ar Otracht Uile-Oileáin’.

Thuairiscigh *safe*food fosta go raibh siad i láthair ar Sheó Bhaile Mhoiréil mar ar chuir siad a bhFeachtas Otrachta Leanaí chun cinn. Nótáil na hAirí an dul chun cinn a bhí déanta ag an tionscnamh thríphháirteach idir *safe*food, an Ghníomhaireacht Sláinte Poiblí, agus an Ghníomhaireacht Caighdeán Bia i bhforbairt na n-íoschaighdeán cothaitheach le haghaidh lónadóireachta d’oibrithe foirne agus do chuairteoirí i suíomhanna Sláinte agus Cúraim Shóisialta.

## Ceapacháin ar Choiste Chomhairleach *safe*food

Ag cruinniú Sábháilteachta Bia CATT i mí Eanáir, d’fhaomh an Chomhairle ceapadh ball nua ar Choiste Chomhairleach *safe*food agus d’fhaomh siad athcheapadh an Ollaimh Margaret Patterson mar Chathaoirleach. D’fhaomh an Chomhairle tuilleadh ceapachán ag an chruinniú i mí na Samhna.

## Ceisteanna Corparáideacha

Nótáil an Chomhairle Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais Bhliantúla *safe*food do na blianta 2014 agus 2015. Nótáil an Chomhairle fosta go ndéanfadh an dá Roinn Urraíochta

machnamh ar Dhréacht-Phlean Gnó 2017 agus ar Phlean Chorparáideach 2017-2019 *safe*food sula gcuirfí i láthair iad le haghaidh faomhadh na Comhairle ag cruinniú CATT sa todhchaí.

## UISCEBHEALAÍ INTÍRE

Reáchtáladh cruinniú Uiscebhealaí Intíre CATT ar 24 Meitheamh in Ard Mhacha. D'fhreastail Chris Hazzard CTR, Aire Bonneagair, Paul Givan, CTR, Aire Pobal agus Sean Kyne TD, Aire Stáit le freagracht as Gnóthaí Gaeltachta agus Acmhainní Nádúrtha, ar an chruinniú.



*Triail Ama Thulach Mhór, An Chanáil Mhór, Deireadh Fómhair 2016*

Thug Príomhfheidhmeannach Uiscebhealaí Éireann, Dawn Livingstone, léargas ardleibhéil ar fheidhmiú an Chomhlachta.

I measc eochairéachtaí Uiscebhealaí Éireann in 2016 nótáil an Chomhairle:

- Bainistiú agus cothabháil na 1,000 ciliméadar de loingseoireacht faoina chúram, le níos mó ná 90% de na huiscebhealaí oscailte le haghaidh loingseoireachta don tréimhse Aibreán go Deireadh Fómhair;
- Forbairt leanúnach na nGormbhealaí i gcomhar leis na húdaráis áitiúla taobh le cláir le hacmhainní agus gníomhaíochtaí margaíochta a fhorbairt a bhfuil cuspóir acu cuairteoirí a mhealladh go dtí na Gormbhealaí;
- Tá Bliain 1 de Phlean Oidhreachta Uiscebhealaí Éireann críochnaithe le breis agus 3,000 duine ó phobail a bhfuil cónaí orthu taobh leis na huiscebhealaí ag obair go deonach agus ag glacadh páirte i dtionscadail;
- Ceapachán beirt bhall foirne ó Phlean Gníomhaíochta Cheantair Dugaí Bhaile Átha Cliath le beochan Dugaí na Canála Móire agus Dugaí Spencer a chur chun cinn;
- 9 gceadúnas oibríochta tugtha do ghnónna nua ar na huiscebhealaí in 2016. Ina measc bhí turais báid, báirsí, báid a fháil ar cíos agus tacsaithe uisce; agus
- Clár urraíochta 2016 Uiscebhealaí Éireann a thug tacaíocht do 118 imeacht a shaothraigh breis agus €5.5m do na geilleagair áitiúla.

**An t-eolas is déanaí ar Athchóiriú Chanáil Uladh ó Loch Éirne Uachtarach go Cluain Eois.**
Tá an chéim dheireanach leis an seolbhealach loingseoireachta go Caisleán Shandarsan a fhorbairt ag dul chun cinn go maith agus an measúnú ar an tairiscint á dhéanamh go fóill. Táthar ag súil go dtosóidh an obair ar an suíomh san Earrach in 2017.

I gcomhthéacs na coimitminte sa *Tús Úr* le hathbhreithniú a dhéanamh ar thionscadal Chanáil Uladh, bhunaigh na hAirí comhurraíochta, an tAire Heather Humphreys, TD, an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta, agus an tAire Chris Hazzard, CTR, an Roinn Bonneagair, Fóram Comhairleach Chanáil Uladh, a bhuail le chéile den chéad uair ar 23 Meán Fómhair 2016.

Déanfaidh an Fóram Comhairleach machnamh ar na roghanna le tionscadal Chanáil Uladh a chur chun cinn agus scrúdóidh sé na meicníochtaí maoinithe féideartha don tionscadal, na sruthanna maoinithe atá ann faoi láthair mar aon le maoiniú a ghiaráil ó fhoinsí eile, san áireamh.

**Deiseanna Maoinithe AE/Forbairt Glasbhealaigh ar bhealach Chanáil Uladh**
D’éirigh le hUiscebhealaí Éireann maoiniú a fháil ó Éileamh-Chiste Iompair Inbhuanaithe - INTERREG VA agus bronnadh maoiniú de €4.9m air le forbairt 22 ciliméadar de chosán tarraingthe Glasbhealaigh ar bhealach Chanáil Uladh ó na Mullaí, Co. an Chabháin go hAchadh an Dá Chora, Co. Ard Mhacha a chur chun cinn. Soláthróidh sé seo áiseanna easbhóthair nua a thacóidh le comatéireacht trasteorann.

## AN COMHLACHT TEANGA THUAIDH THEAS

Reáchtáladh cruinniú Chomhlacht Teanga CATT in Ard Mhacha ar 24 Meitheamh 2016. D'fhreastail Paul Givan CTR, Aire Pobal, Chris Hazzard CTR, Aire Bonneagair agus Seán Kyne TD, Aire Stáit le freagracht as Gnóthaí Gaeltachta agus Acmhainní Nádúrtha ar an chruinniú.

Thug na hAirí aitheantas don méid oibre a bhí déanta ag Joe McDonagh (Seosamh Mac Donncha), iarChathaoirleach Fhoras na Gaeilge, a fuair bás i mí na Bealtaine 2016, agus rinne siad comhbhrón lena theaghlach agus lena chomhghleacaithe.

Thug na Cathaoirligh agus na Príomhfheidhmeannaigh léargais agus tuairiscí ar dhul chun cinn ghníomhaíochtaí oibríochta Ghníomhaireachtaí an Chomhlachta Teanga Thuaidh Theas. Nótáil an Chomhairle na héachtaí seo a leanas:

### Foras na Gaeilge




*Seoladh suíomh tairsí Fhoras na Gaeilge i mí an Mheithimh 2016*

- Críochleagan ar líne den Fhoclóir Béarla Gaeilge Nua le 130,000 aonad sainbhrí agus méadú i líon na gcuairteoirí ar a shuíomhanna foclóra agus téarmaíochta (www.focloir.ie, www.tearma.ie agus www.teanglann.ie);
- Forbairt ar láithreán gréasáin don Ghaeilge agus ar láithreán gréasáin corparáideach nua Fhoras na Gaeilge, a seoladh ar 29 Meitheamh 2016;
- Faomhadh deontas a raibh luach €158,417 orthu do 69 campa samhraidh ar fhreastail níos mó ná 3,000 leanbh orthu;

- Duais SWiFT 3000 a fháil, den dara huair, agus Duais an Chaighdeáin Óir a fháil ó CNNÉ (Caighdeáin Náisiúnta na hÉireann). Bronnadh an dá dhuais mar aitheantas ar an fheabhas i Rialachas Corparáideach; agus
- Cur i láthair Fhoras na Gaeilge ar thorthaí an tsuirbhé uile-oileáin ar dhearcthaí faoin Ghaeilge.

## Gníomhaireacht na hUltaise



*Saighdiúirí an Rí – Féile Mheánaoiseach Bhrús i mí an Mheithimh 2016*

- Reáchtáladh Ceolchoirm Oíche Burns i Halla Uladh i mí Eanáir 2016. Bhí ceoltóirí traidisiúnta Albanacha ina bpríomhaíonna ann agus thaibhigh Ceolfhoireann Uladh agus cuid mhór tallann ceoil áitiúil ag an cheolchoirm fosta;
- Reáchtáil Bunscoileanna Tionscadal Dráma an Chéad Chogaidh Dhomhanda inar ghlac 32 scoil agus breis agus 1,400 mac léinn páirt. D'fhreastail siad ar thaibhithe de dhráma Phillip Orr 'Wae a Hairt an a Hauf' i nDún an Dúin Riabhaigh (Co. Thír Chonaill), in Iarsmalann Contae an Chabháin, in Ionad Oidhreachta an Somme (Co. an Dúin), agus i gCnoc Mhaslaí (Co. Aontroma);
- An chéad Seachtain Eolaíochta Albanach Uladh ó 23-27 Bealtaine 2016 inar ghlac daltaí ó 5 bhunscoil páirt i gceardlanna eolaíochta bunaithe ar na nuálaithe Albanacha Uladh Harry Ferguson, Frank Pantridge agus Lord Kelvin; agus
- Féile Mheánaoiseach Bhrús i gCarraig Fhearghais ag deireadh seachtaine an 4-5 Meitheamh 2016, a mheall níos mó ná 3,000 cuairteoir.

## Comhoibriú idir Gníomhaireacht na hUltaise agus Foras na Gaeilge

Nótáil na hAirí an dul chun cinn a bhí déanta de thoradh an chomhoibrithe idir Gníomhaireacht na hUltaise agus Foras na Gaeilge ar:

- Scrudú a dhéanamh ar fhéidearthacht páirt a ghlacadh sa *'Clár Óige Aontaithe'*, mar atá leagtha amach i Straitéis OCALCA *'Forbairt Phobail Aontaithe'* le hionad a chur ar fáil do 10,000 duine óg nach bhfuil i dtraenáil, in oideachas nó i bhfostaíocht;
- Páirt a ghlacadh i gclár thrí bliana a chuirfeadh daltaí ar an eolas faoin Ghaeilge agus ar oidhreacht na teanga, agus ar chultúr, oidhreacht agus teanga Albanais Uladh a scaipeadh ina measc;
- Scrúdú a dhéanamh ar an fhéidearthacht le leagan trítheangach (Gaeilge, Albanais Uladh agus Béarla) de leabhar Philip Robinson ar *'Flora and Fauna of Northern Ireland*' a fhoilsiú; agus
- Machnamh a dhéanamh ar fhorbairt tionscadal filíochta/amhránaíochta do leanaí bunscoile ina mbeadh saothar Robbie Burns agus dhaoine eile.

## Pleananna agus Buiséid Gnó Thuaidh Theas 2016

Nótail na hAirí gur fhaomh na hiarAirí Urraíochta agus Airgeadais, Pleananna agus Buiséid Gnó 2016 d'Fhoras na Gaeilge agus do Gníomhaireacht na hUltaise, ina raibh na sábhálacha éifeachtúlachta comhaontaithe de réir na treorach a thug na Ranna Airgeadais.

D'fhaomh an Chomhairle Pleananna Gnó 2016 le buiséid de €14,782,911 (£10,348,038) d'Fhoras na Gaeilge agus de £2,342,933 (€3,347,048) do Ghníomhaireacht na hUltaise.

## Ceapachán Comhaltaí Boird ar an Chomhlacht Teanga Thuaidh Theas

D'fhaomh na hAirí na ceapacháin ar Bhord an Chomhlachta Teanga Thuaidh Theas.

## An tEolas is Déanaí ar Mhaoiniú AE

Nótáil an Chomhairle gur lean an dá Ghníomhaireacht den Chomhlacht Teanga ar aghaidh le deiseanna a aimsiú a d'uasmhéadódh na tairbhí ó mhaoiniú  an AE.

## Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais Bhliantúla an Chomhlachta Teanga Thuaidh Theas

Nótáil na hAirí gur cuireadh Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais Bhliantúla comhdhlúthaithe 2014 an Chomhlachta Teanga, faoi bhráid Thithe an Oireachtais agus Thionól Thuaisceart Éireann ar 23 Meitheamh 2016 agus gur thosaigh na hiniúchtaí allamuigh do chuntais 2015 sa dá Ghníomhaireacht.

## Ceapachán Príomhfheidhmeannaigh

Nótáil na hAirí gur ceapadh an tUasal Seán Ó Coinn mar Phríomhfheidhmeannach Fhoras na Gaeilge ag cruinniú CATT a reáchtáladh ar 2 Nollaig 2016 i ndiaidh d'Fherdie Mac an Fhailigh dul ar scor.

## CLÁIR SPEISIALTA AE

Reáchtáladh dhá chruinniú CATT ar Chláir Speisialta AE in 2016, an chéad cheann ar 7 Iúil i mBaile Átha Cliath agus an dara ceann ar 2 Nollaig in Ard Mhacha. D'fhreastail Paschal Donohoe TD, Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, Máirtín Ó Muilleoir CTR, Aire Airgeadais, agus Aire Sóisearach Alastair Ross CTR ar an dá chruinniú.




*Tugann na hAirí Paschal Donohoe TD, agus Máirtín Ó Muilleoir CTR, cuairt ar Ionad Nerve, a bhí freagrach as an tionscadal 'Stairí Deighilte a Mhúineadh', maoinithe ag PEACE III, a dhéanamh agus Tionscadail 'Fab Lab'*

Nótáil na hAirí tábhacht chláir PEACE agus INTERREG ó thaobh comhoibrithe agus forbartha réigiúnaí de, a d'athdhearbhaigh comhchoimitmint Rialtas na hÉireann agus Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann comhoibriú a dhéanamh le chéile le cinntiú go gcosnófaí agus go gcuirfí leas Thuaisceart Éireann chun cinn agus go n-aithneofaí tairbhí chomhoibriú Thuaidh Theas go hiomlán i socrú nua ar bith a thiocfadh chun cinn ó chaidreamh na Ríochta Aontaithe leis an Aontas Eorpach sa todhchaí.

Nótáil an Chomhairle gur aontaigh na Ranna ar chur chuige a d'uasmhéadódh tarraingt anuas agus tionchar chláir PEACE IV agus INTERREG VA, go leanfadh siad ar aghaidh ag comhoibriú le chéile le maoiniú a fháil do na Cláir chomharbachta agus go gcoinneofaí an cheist faoi athbhreithniú ag cruinnithe CATT sa todhchaí.

Nótáil an Chomhairle gur aontaigh an dá Roinn, i ndiaidh dóibh na socruithe rialachais laistigh den CCSAE a iniúchadh, go dtugann na socruithe atá ann faoi láthair maoirseacht chuí don Chomhlacht.

Ag an chruinniú i mí Iúil, tugadh cur i láthair do na hAirí ar thionscadal *HATCH (Higher Attainment through Training Cross Border Hubs)*, a chuireann cúrsaí creidiúnaithe ar fáil do dhaoine aonair, agus a thugann tacaíocht d'Fhiontair Bheaga agus Meánmhéide (FBM) san

earnáil tógála agus san earnáil innealtóireachta. Ba thionscnamh trasteorann é an tionscadal ar thug INTERREG IVA tacaíocht €1,000,000 dó, ina raibh Ionad Teicneolaíochta Nuálaíochta an Chabháin, Bord Fiontar an Chabháin, Comhairle Contae an Chabháin, Coláiste an Iardheiscirt agus Ollscoil Uladh páirteach.

Tugadh cur i láthair fosta do na hAirí ar an tionscadal *'Ionad Gasóg Idirnáisiúnta Chaisleán Shandarsan'* a fuair €3,675,345 ó PEACE III, agus a chuir ionad trasteorann, tríocha acra, eachtraíochta ilghníomhaireachta ar fáil i gContae an Chabháin. Ba iad Comhairle Contae an Chabháin, Cumann Gasógaíochta Thuaisceart Éireann agus Cumann Gasógaíochta na hÉireann na páirtithe tionscadail ag an ócáid seo.

Tugadh miontuairisc don Chomhairle ar dhul chun cinn ghníomhaíochtaí CCSAE, ina raibh na sonraí seo a leanas:

## Druidim Chláir 2007-2013

- Ba é 99.1% (€329.9m) an choimitmint dheireanach a baineadh amach do Chlár **PEACE III**, ó bhuiséad de €332.9m. Bhain Clár **INTERREG IVA** coimitmint de 101.5% (€259.9m) amach ó dháileadh de €256m. Cuireadh na héilimh idirthréimhseacha dheireanacha, ag léiriú na luachanna seo, isteach chuig Coimisiún an AE; agus
- Go mbainfeadh CCSAE na bearta riachtanacha amach chun Cláir **PEACE III** agus **INTERREG IVA** a dhruidim de réir spriocdhátaí Choimisiúin an AE.

## Cláir 2014– 2020

- Bhí na glaonna do thionscadail faoi théamaí uile Chlár **INTERREG VA** á measúnú. Dúradh leis na hAirí gur faomhadh 23 tionscadal arbh fhiú €151.3 milliún iad agus go raibh 6 thionscadal eile á measúnú.
- Bhí na glaonna d'iarratais faoi théamaí go léir Chlár **PEACE IV** oscailte; faomhadh 10 dtionscadal ar luach €50.1m iad; bhí 31 tionscadal á measúnú agus bhí 2 chuspóir cláir oscailte le haghaidh iarratas.
- Dhearbhaigh CCSAE go leanfadh measúnú ar na tionscadail faoi **PEACE IV** agus **INTERREG VA** in 2017.

## Trasnáisiúnta agus Idir-réigiúnach

- Lean an CCSAE ar aghaidh le rannpháirteachas Thuaidh/Theas i **gCláir Thrasnáisiúnta agus Idir-réigiúnacha INTERREG IV** a éascú. I rith tréimhse Chlár 2007-2013, tugadh maoiniu do 53 tionscadal ar fud na gceithre chlár ábhartha. Ba é an toradh a bhí air seo ná gur thug ERDF airgead breise de thuairim is €11.3m (£9m).
- Faoi Chláir 2014-2020, faomhadh 19 dtionscadal a raibh luach de €4m orthu, 12 díobh seo ar fud an dá dhlínse.

## Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2015

Nótáil an Chomhairle gurbh iad na hArd-Reachtairí agus na hArd-Iniúchóirí sa dá dhlínse a dheimhnigh Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais CCSAE agus go gcuirfí faoi bhráid Thionól Thuaisceart Éireann agus faoi bhráid an dá theach den Oireachtas iad.

## FORBAIRT TRÁDÁLA AGUS GNÓ

Lean IdirThrádáil Éireann lena chuid gníomhaíochtaí ar fud 2016. Sháraigh sé a spriocanna agus rinne sé brabús 16.6 : 1 ar an infheistíocht. Chuidigh an Comhlacht le 79 nuálaí céaduaire, 88 easpórtálaí céaduaire, rinne sé sábhálacha éifeachtúlachta 4% agus bhí luach gnó iomlán de £100.6m / €143.7m aige.



*Freastalaíonn an tAire Mary Mitchell O'Connor TD, Thomas Hunter McGowan, Príomhfheidhmeannach IdirThrádáilÉireannn, agus an tAire Simon Hamilton CTR, ar Chomhdháil Bhithchógaisíochta 2016 i gCaisléan Bhaile Átha Cliath*

Lean IdirThrádáilÉireann ar aghaidh a ghníomhaíochtaí taighde gnó agus forbairt beartas a dhéanamh. Ina measc bhí tuarascáil ráithiúil *'Monatóir Gnó'* an Chomhlachta. Bhailigh an tuarascáil ráithiúil seo beagnach 10 mbliana de shonraí a lean táscairí geilleagracha amhail díolacháin, fostaíocht, dearcthaí gnó agus rannpháirteachas i dtrádáil agus in easpórtáil trasteorann. Thug na suirbhéanna ba dhéanaí léargas domhain ar na céad fhreagraí a thug na comhlachtaí faoi na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann don earnáil gnó ar fud an oileáin ó imeacht na Ríocha Aontaithe ón Aontas Eorpach.

Foilsíodh tuarascáil taighde *'Maoiniú agus Fás: Margadh na hAingil Gnó ar Oileán na hÉireann'* a thugann eolas faoi ghnéithe, patrúin infheistíochta, iompair agus dearcthaí ar na hAingil Gnó agus ar a gcuid infheistíochtaí. Déanann sí moltaí straitéiseacha leis an mhargadh a fheabhsú do na hAingil Gnó agus iad ag déanamh infheistíochta in oileán na hÉireann. Tá IdirThrádáilÉireann ag déanamh tionscadail taighde eile dar teideal *'Eochairghnéithe FBM nuálach ar Oileán na hÉireann'*.

## Clár Horizon 2020 AE

I rith 2016, lean IdirThrádáilÉireann ag cur lena ghníomhaíochtaí faoin chlár Horizon 2020, agus an cuspóir aige an chomhrannpháirteachas Thuaidh Theas sa chlár a mhéadú. I rith na tréimhse Eanáir-Meitheamh 2016, d'éirigh le 48 tionscadal Thuaidh Theas maoiniú a raibh luach €57.3m air, a bhaint amach. B'ionann sin agus 32.7% den mhéid €175m a aontaíodh go dtarraingeofaí anuas faoi Horizon 2020.

## Páirtíocht T&F na SA-na hÉireann

Lean IdirThrádáilÉireann ag feidhmiú mar Rúnaíocht do Pháirtíocht T&F na SA-na hÉireann, agus leanann sí uirthi ag fás. Tugadh maoiniú do bhreis agus 35 tionscadal go dtí seo.

## CAIBIDIL 3

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ FOR-ROCHTANA CHOMHRÚNAÍOCHT CATT

Reáchtáil Comhrúnaíocht CATT (mar chuid dár gcuspóirí maidie le Freagracht Shóisialta Chorparáideach) seimineár in Oifigí na Comhrúnaíochta CATT in Ard Mhacha Dé Máirt 20 Eanáir 2016 a dhírigh ar shábháilteacht ar bhóithre.

Sa seimineár idirghníomhach, a bhí dírithe ar dhaltaí 16 go 17 bliana d'aois ó scoileanna ar fud an Limistéir Teorann, bhí léargas ar obair na Comhairle Aireachta Thuaidh Theas. Ina dhiaidh sin, rinne SPTÉ agus An Garda Síochána, Muineachán, cuir i láthair ar shábháilteacht ar bhóithre. Rinne Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Thuaisceart Éireann taispeántas fisiceach ar dhaoine a bhí gortaithe a tharraingt amach ó fheithicil tar éis timpiste bhóthair.

I ndiaidh na gcur i láthair, bhí deis ag daltaí ó na scoileanna a ghlac páirt ann, ról na nAirí ón Fheidhmeannas agus ó Rialtas na hÉireann a imirt, agus ghlac siad páirt i mbréagchruinniú na Comhairle Aireachta Thuaidh Theas chun ceisteanna sábháilteachta a phlé, agus chun socrú ar bheartais amach anseo.



*Pearsanra ó Sheirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Thuaisceart Éireann ag ócáid for-rochtana CATT do mhic léinn i mí Eanáir 2016*

## Taithí Oibre

Le linn 2016, lean an Chomhrúnaíocht ar aghaidh lena hobair le Scoil Speisialta Lisanally in Ard Mhacha. Tugann an tionscnamh seo deis do dhaltaí cuidiú le roinnt cruinnithe CATT a shocrú agus a sholáthar. Ina measc seo, cuirtear fáilte roimh na hAirí nuair a thagann siad agus cuidítear leis an ullmhúchán, an lónadóireacht san áireamh.

Tugann an clár seo deis do dhaltaí Lisanally bualadh le daoine nua, tascanna praiticiúla a dhéanamh, agus a gcuid scileanna a úsáid i dtimpeallacht oibre ghnóthach.



*Aire Sóisearach Alastair Ross CTR, an tAire Máirtín Ó Muilleoir CTR, Gina McIntyre, Príomhfheidhmeannach, CCSAE, agus an tAire Paschal Donohoe TD, le daltaí ó Scoil Speisialta Lisanally, Nollaig 2016*

## IARSCRÍBHINN 1

| Cruinniú CATT | Dáta | Áit |
|---|---|---|
| Iomlánach | 04/07/2016 | Caisleán Bhaile Átha Cliath |
| | 18/11/2016 | Áras Comhrúnaíochta CATT |
| Talmhaíocht | 20/1/2016 | Áras Comhrúnaíochta CATT |
| | 26/10/2016 | Áras Comhrúnaíochta CATT |
| Oideachas | 21/9/2016 | Áras Comhrúnaíochta CATT |
| Comhshaol | 14/09/2016 | Áras Comhrúnaíochta CATT |
| Sláinte agus Sábháilteacht Bia | 20/1/2016 | Áras Comhrúnaíochta CATT |
| | 09/11/2016 | Áras Comhrúnaíochta CATT |
| Iompar | 12/12/2016 | Áras Comhrúnaíochta CATT |
| Dobharshaothrú agus Cúrsaí Mara | 14/9/2016 | Áras Comhrúnaíochta CATT |
| Uiscebhealaí Intíre | 24/06/2016 | Áras Comhrúnaíochta CATT |
| Teanga | 24/06/2016 | Áras ComhrúnaíochtaCATT |
| Cláir Speisialta AE | 07/07/2016 | Teach Uíbh Eachach, Baile Átha Cliath |
| | 02/12/2016 | Áras Comhrúnaíochta CATT |

## IARSCRÍBHINN 2

## COMHRÚNAÍOCHT CHOMHAIRLE AIREACHTA THUAIDH THEAS

Faigheann Comhairle Aireachta Thuaidh Theas (CATT) tacaíocht ó Chomhrúnaíocht sheasta, ar a bhfuil foireann ó Státseirbhís Thuaisceart Éireann agus Státseirbhís na hÉireann. Is í Oifig an Fheidhmeannais OAF (iarOifig an Chéad-Aire agus an Leas-Chéad-Aire) an mháthair-Roinn do státseirbhísigh Thuaisceart Éireann agus is í an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála (RGET) an mháthair-Roinn do státseirbhísigh na hÉireann.

## FEIDHMEANNA

Seo thíos feidhmeanna na Comhrúnaíochta:

- sceidealú chruinnithe na Comhairle a shocrú i bhformáidí éagsúla;
- comhaontú polaitiúil a fháil roimh ré do na cláir a bheidh ag cruinnithe na Comhairle;
- páipéir a ullmhú agus a choimisiúnú do chruinnithe na Comhairle, lena n-áirítear rudaí a bhaineann lena clár oibre;
- Comhráitis a dhréachtú mar aon le Taifid de Chinntí na Comhairle;
- cinntí na Comhairle a fhógairt agus monatóireacht a dhéanamh ar a gcur i bhfeidhm;
- tuarascáil bhliantúil a dhréachtú ar imeachtaí na Comhairle;
- feidhmiú mar ghléas cumarsáide le Comhlachtaí Forfheidhmithe;
- nuair is cuí, tríd an Roinn nó an Oifig ainmnithe i gceachtar den dá dhlínse, teagmháil le Rúnaíocht Chomhdháil Chomhrialtasach na Breataine/na hÉireann, le Rúnaíocht Chomhairle na Breataine-na hÉireann, leis an chomhfhóram pharlaiminteach Thuaidh/Theas agus leis an fhóram comhairliúcháin neamhspleách nuair a bhunófar é; agus
- tasc ar bith eile a dhéanamh a ordóidh an Chomhairle.

## MAOINIÚ

Is iad OAF agus RGET a dhíolann as costais na foirne. Idir an dá rialtas a roinntear gach costas eile a bhaineann leis an Chomhrúnaíocht agus CATT. Is é an costas a bhí ar reáchtáil na Comhrúnaíochta in 2016 ná Stg £1,464,011.08 / €1,794,483.94.

## IARSCRÍBHINN 3

**NA COMHLACHTAÍ FORFHEIDHMITHE THUAIDH THEAS**
Feidhmíonn gach ceann de na sé Chomhlacht Thuaidh Theas ar bhonn uile-oileáin. Tá cúram oibríochtúil soiléir acu go léir agus feidhmíonn siad faoi stiúir bheartais iomlán na Comhairle Aireachta Thuaidh Theas. Tá freagracht shoiléir acu don Chomhairle, don Oireachtas agus do Thionól Thuaisceart Éireann.

Cuireann na Boird Bainistíochta, atá ceaptha ag CATT, trí cinn de na Comhlachtaí i bhfeidhm - IdirThrádáilÉireann, an Foras Teanga Thuaidh Theas agus Coimisiún an Fheabhail, Chairlinn agus Soilse na hÉireann. Tá Bord Comhairleach, atá ceaptha ag CATT fosta, ag an Bhord um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia agus cuireann an Príomhfheidhmeannach an Comhlacht i bhfeidhm. Níl Bord ar bith ag an dá chomhlacht eile, Uiscebhealaí Intíre agus Comhlacht Chláir Speisialta an Aontais Eorpaigh agus cuireann an Príomhfheidhmeannach iad i bhfeidhm.

Tugtar achoimre ghairid ar na Comhlachtaí, ar a bpríomhfheidhmeanna agus ar a sonraí teagmhála thíos.

**Uiscebhealaí Éireann**

**www.waterwaysireland.org**

Tá Uiscebhealaí Éireann freagrach go príomha as bainistiú, caomhnú, forbairt agus athchóiriú na gcóras uiscebhealaí intíre atá inseolta ar fud an oileáin, go háirithe ar mhaithe le caitheamh aimsire. Faoi láthair tá Uiscebhealaí Éireann freagrach as na huiscebhealaí seo a leanas:

- Uiscebhealach na Sionainne-na hÉirne
- Córas na hÉirne
- An Chanáil Mhór
- Córas Loingseoireachta na Bearú
- Córas Loingseoireachta na Banna Íochtaraí
- An Chanáil Ríoga
- Córas Loingseoireacht na Sionainne

Is í Dawn Livingstone Príomhfheidhmeannach Uiscebhealaí Éireann. Tá Ceannáras Uiscebhealaí Éireann suite in Inis Ceithleann agus tá Oifigí Réigiúnacha aige suite ar an Scairbh, Co. an Chláir, i gCora Druma Rúisc, Co. Liatroma agus i mBaile Átha Cliath.

**An Bord um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia**

www.safefood.eu

Tá an Bord um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia freagrach as tascanna a bhaineann le feasacht ar shábháilteacht bia – trí fheachtais phoiblí, comhdhálacha, traenáil agus comhairle a thabhairt do lucht gairme agus don ghnáthphobal. Tugann sé tacaíocht fosta do chomhoibriú eolaíochta Thuaidh Theas, agus do nascanna idir na hinstitiúidí a phléann le sábháilteacht bia – saotharlanna, gníomhaireachtaí forfheidhmithe reachtúla sábháilteachta bia agus comhlachtaí taighde idirnáisiúnta agus náisiúnta. Sa chúram atá aige tá cur chun cinn sainseirbhísí saotharlainne, Thuaidh agus Theas. Tá comhoibriú trasteorann sna réimsí seo go léir, idir na heagrais a phléann leis na réimsí seo, barrthábhachtach d'obair an Chomhlachta.

Is é Ray Dolan Príomhfheidhmeannach an Bhoird um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia. Feidhmíonn an Comhlacht óna oifigí i gCorcaigh agus i mBaile Átha Cliath.

**An Comhlacht Forbairt Trádála agus Gnó (IdirThrádáilÉireann)**

www.intertradeireland.com

Baineann IdirThrádáilÉireann réimse feidhmeanna amach atá luachmhar san earnáil trádála agus gnó. Faoi stiúir bheartas foriomlán CATT, comhoibríonn IdirThrádáilÉireann go dlúth leis an Roinn Geilleagair, Béal Feirste, leis an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta, Baile Átha Cliath, agus leis na gníomhaireachtaí forbartha atá ann faoi láthair, Thuaidh agus Theas. Tá fócas ar leith aige ar chomhoibriú trádála agus gnó Thuaidh Theas a chur chun cinn trí chumas fiontraíochta, iomaíocht agus líonraí a fhorbairt. Tá sé mar aidhm ag IdirThrádáilÉireann breisluach a chur leis an obair atá á déanamh ag na gníomhaireachtaí forbairt trádála agus gnó atá ann faoi láthair.

Is é an tUasal Thomas Hunter McGowan Príomhfheidhmeannach IdirThrádáilÉireann. Tá IdirThrádáilÉireann suite san Iúr.

**Comhlacht Chláir Speisialta an Aontais Eorpaigh**

www.seupb.eu

Is í an phríomhfhreagracht atá ag an Chomhlacht um Chláir Speisialta an Aontais Eorpaigh (CCSAE) ná bheith ina Údarás Bainistíochta do Chláir AE éagsúla. Déanann feidhmeanna bainistíochta CCSAE cúram do rólanna riaracháin, deontais agus maoirseachta maidir le Tionscnaimh Phobail faoi na Cistí Struchtúrtha Eorpacha. I measc teidil na gcistí reatha agus roimhe seo tá INTERREG I, II, III agus IVA agus VA; LEADER+, URBAN II, EQUAL, Cláir AE um Shíocháin agus Athmhuintearas, PEACE I, II, III agus IV agus an Clár Comhoibrithe Críochach.

Is í Gina McIntyre Príomhfheidhmeannach an Chomhlachta. Tá formhór fhoireann an Chomhlachta suite sa Cheannáras i mBéal Feirste, agus tá oifigí i Muineachán agus ar an Ómaigh, Co. Thír Eoghain fosta.

**Coimisiún an Fheabhail, Chairlinn agus Soilse na hÉireann**

www.loughs-agency.org

Tá dhá ghníomhaireacht i gCoimisiún an Fheabhail, Chairlinn agus Soilse na hÉireann – Gníomhaireacht na Lochanna agus Gníomhaireacht na Soilse. Tá Gníomhaireacht na Lochanna freagrach as cur chun cinn agus forbairt Loch Feabhail agus Loch Chairlinn do chuspóirí tráchtála agus fóilliochta maidir le cúrsaí mara, iascaigh agus dobharshaothraithe. Rún a bhí ann go mbeadh Gníomhaireacht na Soilse, nuair a bhunófaí í, mar chomharba Choimisinéirí Soilse na hÉireann mar an tÚdarás Ginearálta Tithe Solais in Éirinn. Mar gheall ar chastachtaí a tháinig anuas ó thaobh a leithéid seo d'aistriú feidhmeanna a dhéanamh, tá athbhreithniú á dhéanamh ar an cheist faoi láthair. Ba é John Pollock Príomhfheidhmeannach Ghníomhaireacht na Lochanna in 2016. Tá Ceannáras na Gníomhaireachta suite i nDoire~Londaindoire.

**An Comhlacht Teanga**

www.forasnagaeilge.ie www.ulsterscotsagency.com

Tá dhá ghníomhaireacht sa Chomhlacht Teanga amháin seo - Foras na Gaeilge agus Tha Boord o Ulster-Scotch. Tá Foras na Gaeilge freagrach as cur chun cinn na Gaeilge ar fud an oileáin agus tá Tha Boord o Ulster-Scotch freagrach as an Albanais Uladh a chur chun cinn ó thaobh staidéar a dhéanamh uirthi, í a chaomhnú agus a fhorbairt, agus ó thaobh í a úsáid mar theanga bheo; agus an cultúr iomlán a bhaineann léi a spreagadh agus a fhorbairt; agus tuiscint ar stair na Albanais Uladh a chur chun cinn.

Ceapadh Seán Ó Coinn mar Phríomhfheidhmeannach Fhoras na Gaeilge in 2016 i ndiaidh d'Fherdie Mac an Fhailigh dul ar scor. Tá príomhoifig na Gníomhaireachta suite i mBaile Átha Cliath agus tá fo-oifigí aici suite i mBéal Feirste agus i dTír Chonaill.

Is é Ian Crozier Príomhfheidhmeannach Ghníomhaireacht na hUltaise. Tá a príomhoifig suite i mBéal Feirste agus tá fo-oifig aici i dTír Chonaill.

## IARSCRÍBHINN 4

**TURASÓIREACHT ÉIREANN TEORANTA**

**https://www.tourismireland.com**

Tá an turasóireacht mar cheann de “na sé réimse comhoibrithe” faoi chreatlach Chomhaontú Aoine an Chéasta Bhéal Feirste 1998 agus cuireann Turasóireacht Éireann, comhlacht teoranta faoi úinéireacht phoiblí bunaithe le hoileán na hÉireann a chur chun cinn thar sáile mar cheann scríbe turasóireachta, an comhoibriú sa réimse seo chun cinn. Is é a chúram ná cuairteoirí turasóireachta go hoileán na hÉireann a mhéadú agus tacú le Tuaisceart Éireann a hacmhainneacht turasóireachta a bhaint amach.

Feidhmíonn Turasóireacht Éireann faoi choimirce na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas tríd an Roinn Geilleagair i dTuaisceart Éireann, agus tríd an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt in Éirinn. Feidhmíonn sí trí Bord Bainistíochta atá ceaptha ag CATT.

Oibríonn Turasóireacht Éireann go dlúth le Fáilte Ireland agus le Turasóireacht Thuaisceart Éireann i bpáirtíocht straitéiseach. Tá ról agus cúram ar leith ag gach gníomhaireacht, agus cuireann gach gníomhaireacht le hobair na gníomhaireachta eile i dtionscal turasóireachta an dá dhlínse.

Is é Niall Gibbons an Príomhfheidhmeannach. Feidhmíonn an Comhlacht óna Ceanncháras i mBaile Átha Cliath agus óna oifig réigiúnach i gCúil Raithin.